AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2024
COM(2024) 474 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta**

GA GA

**Clár**


Acrainmneacha ... 3

Achoimre feidhmiúcháin ... 4

1. Staid na himeartha maidir le cur chun feidhme STA ... 7

A. Iarratais ar íocaíocht agus eisíocaíochtaí ... 7

Tá méadú tagtha ar ar luas eisíocaíochta tar éis na n-athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta ... 7

Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as an nós imeachta fionraíochta, rud a éascaíonn eisíocaíochtaí níos tapúla ... 8

Lean an Coimisiún de Bhannaí an Aontais a eisiúint chun STA a mhaoiniú ... 10

Tá méadú ag teacht ar líon na mbeart atá incháilithe do mhaoiniú faoi Bhannaí Glasa NextGenerationEU ... 11

Coinníollacht mhaicreacnamaíoch agus STA ... 12

B. Athbhreithniú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta ... 13

Tá pleananna téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe uaillmhianach i gcónaí tar éis na n-athbhreithnithe a rinneadh in 2023 agus in 2024 ... 13

Tá athrú tagtha ar an imchlúdach airgeadais iomlán agus ar ranníocaíocht STA le gach ceann de na sé cholún beartais tar éis athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta ... 14

Tá forbairt tagtha ar phróifílí íocaíochta tar éis na n-athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta ... 16

Tá spriocanna aeráide agus digiteacha STA á gcomhlíonadh fós ag pleananna téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe ... 19

Rannchuidíonn pleananna téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe le beartais shóisialta agus le comhionannas inscne ar fud an Aontais ... 20

C. Faighteoirí deiridh faoi STA ... 22

Foilsíonn gach Ballstát sonraí maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó ... 22

Faigheann na faighteoirí deiridh is mó cistiú le haghaidh infheistíochtaí i ngach ceann de shé cholún beartais STA ... 25

D. Rialuithe agus iniúchadh i gcur chun feidhme STA ... 26

Lean an Coimisiún de leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ... 27

Tá STA fós faoi ghrinnscrúdú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ... 28

E. Cumarsáid agus idirphlé in 2023-2024 ... 30

Leanann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus na Ballstáit de bheith rannpháirteach go leanúnach i gcur chun feidhme STA ... 30

D'fhéadfaí infheictheacht an Aontais i gcur chun feidhme pleananna téarnaimh agus athléimneachta a fheabhsú a thuilleadh ..... 31

Tugann an léarscáil idirghníomhach forléargas amhairc ar thionscadail a fhaigheann tacaíocht ó STA ..... 33

Leanann na Ballstáit d'imeachtaí bliantúla STA a reáchtáil ..... 34

Tugann an Coimisiún faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide ábhartha breise ..... 35

F. Príomhthorthaí ón meastóireacht mheántéarma ar STA ..... 36

Léiríodh sa mheastóireacht mheántéarma uirthi gur thacaigh STA leis an téarnamh agus gur tugadh isteach léi nuálaíocht i gcaiteachas an Aontais ..... 36

Áirítear sa mheastóireacht breithnithe úsáideacha le haghaidh ionstraimí feidhmíochtbhunaithe a bheidh ann amach anseo ..... 37

2. Dul chun cinn maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme ..... 40

A. Comhtháscairí ..... 40

Tá fíorthorthaí suntasacha ar an láthair bainte amach ag STA ..... 40

B. Sonraí tuairiscithe débhliantúla ..... 44

Tuairiscítear go bhfuil formhór na gcloch míle agus na spriocanna le cur chun feidhme i gcomhréir le hamlínte phleananna téarnaimh agus athléimneachta ..... 44

C. Dul chun cinn ar fud na sé cholún beartais ..... 46

Tá dul chun cinn sofheicthe déanta ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme i ngach ceann de sé cholún beartais STA ..... 46

D. Beartais chun feabhas a chur ar iomaíochas ghnólachtaí an Aontais ..... 64

Rannchuidíonn pleananna téarnaimh agus athléimneachta le hiomaíochas feabhsaithe ghnólachtaí an Aontais, agus bhain thart ar thrí mhilliún fiontar tairbhe as tacaíocht STA cheana féin ..... 64

3. REPowerEU ..... 68

A. Forléargas ar bhearta ar fud na gcaibidlí REPowerEU ..... 70

Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí breise REPowerEU, tugtar aghaidh ar scrogaill, agus cuidítear le dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus le slándáil an tsoláthair fuinnimh a neartú ..... 70

B. Forléargas ar bhearta a bhfuil gné thrasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo a áirítear sna caibidlí uile REPowerEU ..... 74

Tá gné láidir trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint le bearta REPowerEU ..... 74

4. Conclúid ..... 76

## Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **CCB** | Cúlchiste Coigeartaithe Brexit |
| **COVID-19** | Galar coróinvíris 2019 |
| **CIE** | Cúirt Iniúchóirí na hEorpa |
| **CTA** | Córas Trádála Astaíochtaí |
| **EUR** | Euro (€) |
| **PTAnna** | Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta |
| **STA** | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta |
| **MWh** | Meigeavatuair |
| **FBManna** | Fiontair bheaga agus mheánmhéide |
| **STEP** | An Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip |

# Achoimre feidhmiúcháin

**Is í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('STA') croílár NextGenerationEU, plean téarnaimh na hEorpa chun teacht níos láidre agus níos athléimní as éifeachtaí eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19, éifeachtaí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.** Gan fasach ó thaobh scála agus uaillmhéine de, bunaíodh STA in 2021[1] mar ionstraim nuálach atá bunaithe ar fheidhmíocht, lena gcuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit in aghaidh meascán d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí réamhaontaithe a chur chun feidhme. Tá STA faoi cheangal ama go dtí 2026.

Le himeacht ama, chuaigh STA in oiriúint do dhúshláin nua agus chuir sé tacaíocht ríthábhachtach ar fáil do na Ballstáit tar éis ionsaí gan chúis na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus tar éis na géarchéime fuinnimh ina dhiaidh sin. Le **REPowerEU**, d'fhéadfadh na Ballstáit tairbhe a bhaint as acmhainní breise chun borradh a chur faoi athchóirithe agus infheistíochtaí lena ndéantar soláthairtí fuinnimh an Aontais a éagsúlú, lena gcuirtear dlús leis an aistriú glas, agus lena dtacaítear le teaghlaigh leochaileacha.

**Sna 3 bliana go leith ó tháinig Rialachán STA i bhfeidhm, bhain na Ballstáit úsáid as an tSaoráid chun dul chun cinn a dhéanamh ar a gcláir oibre athchóiriúcháin agus infheistíochta**, i gcomhréir le tosaíochtaí coiteanna an Aontais, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sheanbhunaithe agus nua araon, mar chuid dá dtéarnamh ó ghéarchéim COVID-19.

**Tar éis roinnt moilleanna in 2023 a bhaineann den chuid is mó leis an ngá atá le caibidlí REPowerEU a ghlacadh, tá dlús curtha le cur chun feidhme agus le heisíocaíochtaí.** Amhail ó dheireadh mhí Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 265,4 billiún leis na Ballstáit agus i gcás thart ar 85 % de na clocha míle agus na spriocanna a raibh dáta táscach críochnaithe acu faoin gcéad ráithe de 2024, mheas an Coimisiún go raibh siad comhlíonta go sásúil nó thuairiscigh na Ballstáit go raibh siad tugtha chun críche. Is é sin breith suas ollmhór i gcomparáid le 2023 nuair a bhí, mar a tuairiscíodh i dtuarascáil bhliantúil STA roimhe seo, thart ar 58 % den mhéid iomlán reatha (EUR 153,4 billiún) eisíoctha ag an gCoimisiún faoin 1 Meán Fómhair 2023. Má bhíonn gach rud de réir mar atá beartaithe, faoi dheireadh na bliana, beidh níos mó ná EUR 300 billiún eisíoctha ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ó thús na Saoráide.

**Tá dlús curtha ag an gCoimisiún lena ghníomhaíochtaí chun tacú le hiarrachtaí cur chun feidhme na mBallstát, chun an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú.** An 19 Iúil 2024, ghlac an Coimisiún Treoraíocht nuashonraithe maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta chun cur chun feidhme STA a shimpliú agus chun a éifeachtacht a fheabhsú. Leagtar béim ar leith sa treoraíocht nuashonraithe ar

[1] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta, a leanfaidh de bheith ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cur chun feidhme. Tugann sé níos mó soiléireachta maidir le raon feidhme na n-athbhreithnithe agus maidir leis an bhféidearthacht plean téarnaimh agus athléimneachta a leasú i gcás ina sainaithníonn Ballstát rogha níos fearr chun beart a chur chun feidhme ar bhealach lena laghdaítear an t-ualach riaracháin. Thairis sin, le teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP')[2] (lenar leasaíodh Rialachán STA), is féidir cistiú ó STA agus ó chistí eile de chuid an Aontais a leithdháileadh anois freisin ar chuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip[3]. Léiríodh an foras dlíthiúil nua sin le haghaidh leasaithe sa treoraíocht. Leis an treoraíocht, simplítear freisin na ceanglais tuairiscithe do na Ballstáit agus soláthraítear soiléireacht níos fearr maidir leis na coinníollacha faoinar féidir tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais a chomhcheangal chun sineirgí a fheabhsú.

**Deimhníodh sa mheastóireacht mheán-téarma ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go bhfuil breisluach ag baint le hionstraim ina gcomhcheanglaítear athchóirithe le hinfheistíocht agus lena cur chuige feidhmíochtbhunaithe.** Is iad príomhláidreachtaí STA a fócas ar eisíocaíocht i gcoinne dul chun cinn ar an talamh agus a tacaíocht d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí araon, a threisíonn a chéile go minic, faoi ionstraim amháin. Sa mheastóireacht mheán-téarma ar STA, a foilsíodh i mí Feabhra 2024, cuireadh i dtábhacht an tacaíocht leathan ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara eile do chineál feidhmíochtbhunaithe STA agus don teaglaim d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí araon. Trí íocaíocht a dhéanamh ar bhonn na dtorthaí a baineadh amach, seachas ar bhonn na gcostas a tabhaíodh, soláthraítear intuarthacht agus cuntasacht do na Ballstáit agus don Choimisiún araon. Trí athchóirithe agus infheistíochtaí a chomhcheangal in aon ionstraim chistiúcháin amháin, cruthaítear sineirgí eatarthu, dreasaítear cur chun feidhme na bpríomh-athchóirithe agus tacaítear le comhleanúnachas na bpleananna náisiúnta. Léiríonn an rolladh amach tapa agus na heisíocaíochtaí meara gur thacaigh STA leis na Ballstáit le linn géarchéime, agus cuidíonn an meascán uathúil d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí lenár ngeilleagair a bheith níos ullmhaithe don todhchaí.

**Tá ról lárnach ag STA agus ag a comhpháirt REPowerEU freisin maidir le cuidiú le cuideachtaí an Aontais tairbhe a bhaint as an aistriú glas agus digiteach**. Faoin 31 Lúnasa 2024, bhain níos mó ná 2 800 000 cuideachta, fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') den chuid is mó, tairbhe as tacaíocht STA. Sa bhreis ar thacaíocht airgeadais dhíreach, rannchuidigh na pleananna téarnaimh agus athléimneachta freisin le hathchóirithe suntasacha a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó ar fud na

---

[2] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP).

[3] A bhuí leis an Rialachán lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, tá na Ballstáit in ann méid breise suas le 6 % de leithdháileadh iomlán STA a dhíriú anois ar urrann Bhallstáit InvestEU le haghaidh gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, sa bhreis ar an 4 % a cheadaítear cheana féin le Rialachán STA. Ina theannta sin, nuair a dhéanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar a a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, beidh orthu tionscadail a bhfuil Séala an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip acu a mheas mar thionscadail tosaíochta.

mBallstát, mar shampla sna réimsí a bhaineann le gnólachtaí a dhigitiú, nósanna imeachta ceadaithe a éascú, agus an lucht saothair a uas-sciliú agus a athsciliú.

**I bhfianaise chineál na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta atá faoi cheangal ama, ba cheart gach iarracht a bheith dírithe i gcónaí ar chur chun feidhme iomlán agus tráthúil na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta faoi 2026.** Cé go bhfuil dlús curtha le cur chun feidhme agus le heisíocaíochtaí, tá éagsúlacht ann sa dul chun cinn ar fud na mBallstát. Tá ceithre iarratas ar íocaíocht nó níos mó curtha isteach ag roinnt Ballstát cheana féin, ach níl aon iarratas ar íocaíocht curtha isteach ag roinnt Ballstát eile go fóill. I gcásanna áirithe, tá moilleanna agus dúshláin mhóra fós ann maidir le cistí a ionsú faoi dheireadh 2026. Ní mór do na Ballstáit uile leanúint dá n-iarrachtaí a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta faoi seach a chur chun feidhme go hiomlán roimh dheireadh 2026, nuair a bheidh an tSaoráid le dul in éag. I gcás inarb ábhartha, is féidir pleananna téarnaimh agus athléimneachta a athbhreithniú fós chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cur chun feidhme agus chun freastal ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus ag athrú. Tá an Coimisiún réidh chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit.

**Is í an tuarascáil seo an tríú ceann i sraith foilseachán bliantúil maidir le cur chun feidhme STA, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 31 de Rialachán STA**. Cuirtear i láthair ann staid na himeartha maidir le heisíocaíochtaí, athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta, forbairtí a bhaineann le hiniúchóireacht agus rialú, agus gníomhaíochtaí cumarsáide i measc nithe eile (roinn 1); an dul chun cinn i gcur chun feidhme na gcloch míle agus na spriocanna ar fud cholúin bheartais STA (roinn 2); agus forléargas ar na bearta a áirítear i gcaibidlí REPowerEU na mBallstát (roinn 3)[4]. In Iarscríbhinn I, leagtar amach i gcáipéisí tíre an dul chun cinn atá déanta i ngach Ballstát, agus dírítear in iarscríbhinní breise ar choincheapa sonracha atá ábhartha do chur chun feidhme STA. Tá an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa tuarascáil seo bunaithe ar ábhar na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta amhail ón 31 Lúnasa 2024; maidir leis na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit go dtí mí Aibreáin 2024 mar chuid dá n-oibleagáidí tuairiscithe débhliantúla; agus ar fhorbairtí i gcur chun feidhme na Saoráide go dtí an 31 Lúnasa 2024, mura sonraítear a mhalairt.

[4] Tá an fhaisnéis a sholáthraítear sa tuarascáil seo bunaithe ar ábhar na bpleananna arna nglacadh, arna measúnú ag an gCoimisiún, maidir leis na sonraí a thuairiscigh na Ballstáit go dtí mí Aibreáin 2024 mar chuid dá n-oibleagáidí tuairiscithe leathbhliantúla, maidir le sonraí ón Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta amhail an 31 Lúnasa 2024 agus maidir le forbairtí ar chur chun feidhme na Saoráide go dtí an 31 Lúnasa 2024, mura sonraítear a mhalairt.

# 1. Staid na himeartha maidir le cur chun feidhme STA

## A. Iarratais ar íocaíocht agus eisíocaíochtaí

*Tá méadú tagtha ar an luas eisíocaíochta tar éis na n-athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta*

**Faoin 31 Lúnasa 2024, bhí os cionn 40 % de chistí STA a bhí ar fáil eisíoctha leis na Ballstáit, agus shroich eisíocaíocht na ndeontas 48 % agus iasachtaí beagán os cionn 30 %.** Ó bunaíodh STA, fuair an Coimisiún 63 hiarratas ar íocaíocht ó 25 Bhallstát agus d'eisíoc sé EUR 265,4 billiún. Áirítear san fhigiúr sin EUR 198,4 billiún a eisíocadh i nglantéarmaí ar thíolacadh iarratas ar íocaíocht agus comhlíonadh sásúil na gcloch míle agus na spriocanna, EUR 56,6 billiún i réamh-mhaoiniú STA a deonaíodh do 21 Bhallstát go dtí an 31 Nollaig 2021, agus EUR 10,4 billiún de réamh-mhaoiniú REPowerEU a eisíocadh le 21 Bhallstát. Baineann EUR 170.8 billiún den mhéid iomlán a eisíocadh leis na Ballstáit le tacaíocht neamh-inaisíoctha agus baineann EUR 94.6 billiún le hiasachtaí. Má choinnítear luas reatha na heisíocaíochta ar bun, tá coinne ag an gCoimisiún go mbeidh níos mó ná EUR 300 billiún eisíoctha aige faoi dheireadh 2024. I dTábla 1 tugtar forléargas ar thíolacadh na n-iarratas ar íocaíocht ó na Ballstáit agus ar na heisíocaíochtaí iomlána comhfhreagracha ón gCoimisiún, lena gcumhdaítear tacaíocht neamh-inaisíoctha agus iasachtaí araon, tar éis measúnú dearfach a dhéanamh ar na clocha míle agus ar na spriocanna a chumhdaítear leis an iarratas ar íocaíocht faoi seach.

**Tar éis luas eisíocaíochta níos moille sa chéad leath de 2023 de réir mar a bhí iarrachtaí dírithe ar athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta, cuireadh dlús le heisíocaíochtaí ón dara leath den bhliain ar aghaidh.** Idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 112,0 billiún leis na Ballstáit. Áirítear leis sin EUR 10,4 billiún i réamh-mhaoiniú REPowerEU chomh maith le EUR 60,4 billiún i dtacaíocht neamh-inaisíoctha agus EUR 41,2 billiún in iasachtaí a eisíocadh ar chomhlíonadh sásúil 908 gcloch mhíle agus sprioc a ndearnadh measúnú orthu i 27 n-iarratas ar íocaíocht. I gcomparáid leis sin, eisíocadh EUR 40,6 billiún idir an 1 Meán Fómhair 2022 agus an 31 Lúnasa 2023, le EUR 26,9 billiún i dtacaíocht neamh-inaisíoctha agus EUR 13,7 billiún in iasachtaí. Eisíocadh na cistí uile ar chomhlíonadh sásúil na gcloch míle agus na spriocanna a ndearnadh measúnú orthu i 17 n-iarratas ar íocaíocht, ós rud é nár eisíocadh aon réamh-mhaoiniú le linn na tréimhse sin.

**Fuair na Ballstáit EUR 10,4 billiún i réamh-mhaoiniú REPowerEU in 2023-2024.** Bhí an deis ag na Ballstáit a mhodhnaigh a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta chun caibidil REPowerEU a chur san áireamh ag deireadh 2023 suas le 20 % den chistiú breise a iarraidh i bhfoirm réamh-mhaoinithe, chun a mbearta REPowerEU a mhaoiniú[5]. D'iarr agus

[5] Féach Airteagal 21d de Rialachán STA.

fuair 21 Bhallstát réamh-mhaoiniú REPowerEU (féach Tábla 1). Ní raibh an Bhulgáir, an Ghearmáin, Éire ná Lucsamburg incháilithe do réamh-mhaoiniú REPowerEU ós rud é nár ghlac an Chomhairle a gcaibidlí REPowerEU faoi dheireadh 2023. Níor iarr an Ísiltír ná an tSualainn aon réamh-mhaoiniú REPowerEU.

*Tábla 1: Staid na himeartha maidir le hiarratais ar íocaíocht STA a chur chun feidhme, faoin 31 Lúnasa 2024*

| | BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | FR | HR | IT | CY | LV | LT | LU | HU | MT | NL | AT | PL | PT | RO | SI | SK | FI | SE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 27 bplean formheasta ag an gCoimisiún agus glactha ag an gComhairle | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 21 réamh-mhaoiniú eisíoctha roimh an 31 Nollaig 2021 agus gan réamh-mhaoiniú REPowerEU (EUR 56,6 billiún) san áireamh | | ▲ | | | | | * | | | | | | | | | | ▲ | | ▲ | | ▲ | | | | | | ▲ |
| 21 Réamh-mhaoiniú REPowerEU eisíoctha (EUR 10,4 billiún) | | ● | | | ● | | ● | | | | | | | | | ● | | | ■ | | | | | | | | ■ |
| 26 Shocrú Oibríochtúla sínithe | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 63 iarratas ar íocaíocht arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áirítear iasachtaí i gcás inarb ábhartha | 2x | 2x | 2x | 2x | 1x | 2x | 1x | 4x | 4x | 3x | 5x | 6x | 3x | 2x | 2x | 1x | | 2x | 1x | 1x | 1x | 5x | 3x | 3x | 4x | 1x | |
| 51 íocaíochtaí eisíoctha ar chomhlíonadh sásúil cloch míle agus spriocanna (EUR 198,4 billiún) | | 1x | 2x | 2x | 1x | 2x | 1x | 3x | 4x | 3x | 5x | 5x | 1x | 2x | 2x | 1x | | 2x | | 1x | 1x | 4x | 2x | 2x | 3x | 1x | |

Tabhair faoi deara: * Níor iarr Éire aon réamh-mhaoiniú. ▲ Níl aon réamh-mhaoiniú ar fáil toisc nár glacadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin 31 Nollaig 2021, rud a bhí ina réamhriachtanas don réamh-mhaoiniú. ● Ní raibh aon réamh-mhaoiniú REPowerEU ar fáil toisc nár glacadh caibidil REPowerEU faoin 31 Nollaig 2023, rud a bhí ina réamhriachtanas do réamh-mhaoiniú REPowerEU. ■ Níor iarr an Ísiltír ná an tSualainn aon réamh-mhaoiniú REPowerEU.

Foinse: An Coimisiún Eorpach

### *Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as an nós imeachta fionraíochta, rud a éascaíonn eisíocaíochtaí níos tapúla*

**Leis an bhféidearthacht atá ag an gCoimisiún íocaíochtaí a chur ar fionraí go páirteach, tugtar solúbthacht do na Ballstáit eisíocaíocht a fháil i gcás ina mbeidh moilleanna gearra cur chun feidhme rompu a bhaineann le clocha míle nó spriocanna sonracha.** Nascann na pleananna téarnaimh agus athléimneachta gach méid eisíocaíochta le sraith sheasta cloch míle agus spriocanna. Áirithítear leis sin dul chun cinn na mBallstát maidir le cur chun feidhme ach ciallaíonn sé freisin gur féidir leis an moill ar

chloch mhíle nó sprioc amháin moill a chur ar iarratas iomlán ar íocaíocht. Leis an modheolaíocht íocaíochta páirtí soláthraítear an tsolúbthacht is gá chun cuid de na cistí a eisíoc leis na Ballstáit agus ar an gcaoi sin an iarratas ar íocaíocht a chur chun cinn, nuair atá líon beag cloch míle nó spriocanna ann nach bhfuil comhlíonta go sásúil go fóill. De bhun Airteagal 24(8) de Rialachán STA, beidh 6 mhí ag na Ballstáit ansin tar éis ghlacadh an chinnidh ón gCoimisiún maidir leis an eisíocaíocht a chur ar fionraí go páirteach chun na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar go sásúil an chloch mhíle/na clocha míle nó an sprioc/na spriocanna atá fágtha. Tar éis na tréimhse sin, déanann an Coimisiún athmheasúnú ar an iarratas ar íocaíocht agus cuireann sé deireadh leis an bhfionraí má mheastar go bhfuil an chloch mhíle shonrach nó na clocha míle sonracha nó an sprioc shonrach nó na spriocanna sonracha comhlíonta, nó laghdaíonn sé leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit mura bhfuil na clocha míle nó na spriocanna comhlíonta go sásúil fós.

**Chuidigh an úsáid mhéadaithe a baineadh as íocaíochtaí páirteacha le dlús a chur le heisíocaíocht chistí STA.** Ó foilsíodh an mhodheolaíocht maidir le fionraí páirteach ar íocaíocht a chinneadh in 2023[6], tháinig an Coimisiún ar shé chás d'iarratais ar íocaíocht nárbh fhéidir a mheas go raibh ceann amháin nó níos mó de na clocha míle nó de na spriocanna comhlíonta go sásúil. Idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Lúnasa 2024, mheas an Coimisiún go raibh cloch mhíle nó sprioc amháin nó níos móin iarratais ar íocaíocht a chuir an Spáinn[7], an Iodáil[8], an Phortaingéil[9] agus an Rómáin[10] isteach nárbh fhéidir a mheasúnú go raibh siad comhlíonta go sásúil. Tá sé sin sa bhreis ar an íocaíocht a cuireadh ar fionraí cheana féin i mí Aibreáin 2023 le haghaidh chéad iarratas na Liotuáine ar íocaíocht[11]. Thairis sin, meastar sa réamh-mheasúnú ar chéad iarratas na Beilge ar íocaíocht[12] go raibh cloch mhíle amháin ann nach bhféadfaí a mheas go raibh sé comhlíonta go sásúil[13].

**In 2024, chuir an Coimisiún deireadh le fionraíochtaí agus laghdaigh sé tacaíocht STA go buan den chéad uair.** I gcás na Liotuáine, sna 6 mhí tar éis ghlacadh an chinnidh maidir le fionraí i mí Aibreáin 2023, rinne na húdaráis náisiúnta beart breise agus, i mí

[6] Féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023) 99 final)

[7] Féach Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 19.7.2024 maidir le heisíocaíocht an cheathrú tráthchuid den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Spáinn a chur ar fionraí go páirteach.

[8] Féach Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 26.7.2024 maidir le heisíocaíocht an chúigiú tráthchuid den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Iodáil a chur ar fionraí go páirteach.

[9] Féach Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 22.12.2023 maidir le heisíocaíocht an tríú agus an cheathrú tráthchuid den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Phortaingéil a chur ar fionraí go páirteach.

[10] Féach Cinneadh Cur Chun Feidhme an 21.9.2023 ón gCoimisiún maidir le heisíocaíocht an dara tráthchuid den tacaíocht iasachta don Rómáin a chur ar fionraí go páirteach.

[11] Féach Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 28.4.2023 maidir le heisíocaíocht na chéad tráthchoda den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Liotuáin a chur ar fionraí go páirteach.

[12] Féach Réamh-mheasúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil na gcloch míle agus na spriocanna a bhaineann leis an gcéad iarratas ar íocaíocht a chuir an Bheilg isteach an 29 Meán Fómhair 2023, arna tharchur chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais ag an gCoimisiún Eorpach.

[13] Tabhair faoi deara nach raibh athbhreithniú déanta fós ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais ar réamh-mheasúnú an Choimisiúin tráth scríofa na tuarascála seo agus, dá bhrí sin, nach raibh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir leis an bhfionraí pháirteach glactha go fóill faoi scoithdháta na tuarascála bliantúla seo, i.e. an 31 Lúnasa 2024. An 16 Meán Fómhair 2024, glacadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le heisíocaíocht na chéad tráthchoda den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Bheilg a chur ar fionraí go páirteach.

Dheireadh Fómhair 2023, chuir siad faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na clocha míle a cuireadh ar fionraí. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh ceann amháin den dá chloch mhíle sin go sásúil, agus nár comhlíonadh an dara ceann go sásúil fós. Dá dheasca sin, chuir an Coimisiún deireadh leis an bhfionraí go páirteach agus d'eisíoc sé EUR 14.9 milliún leis an Liotuáin, mar aitheantas ar an dul chun cinn a rinneadh. An tráth céanna, laghdaigh an Coimisiún leithdháileadh airgeadais na Liotuáine EUR 8.7 milliún freisin, méid a chomhfhreagraíonn don chloch mhíle neamhchomhlíonta[14]. I gcás na Portaingéile freisin, rinne na húdaráis náisiúnta beart sna 6 mhí tar éis na fionraí don tríú agus don cheathrú híocaíocht a glacadh i mí na Nollag 2023. I mí an Mheithimh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh go sásúil na clocha míle agus an sprioc a bhí gan chomhlíonadh an uair sin. Dá réir sin, chuir an Coimisiún deireadh iomlán leis an méid a cuireadh ar fionraí roimhe sin agus d'eisíoc sé EUR 720 milliún leis an bPortaingéil[15]. I mí an Mhárta 2024, thug an Rómáin údair bhreise freisin chun a léiriú go ndearna sí na bearta ba ghá chun clocha míle a cuireadh ar fionraí roimhe sin a chomhlíonadh go sásúil. Bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh, mheas an Coimisiún go raibh ceann amháin den dá chloch mhíle comhlíonta go sásúil, agus nach raibh dara ceann comhlíonta go sásúil fós. Tabharfaidh an Coimisiún a mheasúnú i gcrích tar éis dó deis a thabhairt don Rómáin a barúlacha a chur i láthair laistigh de 2 mhí tar éis di a conclúidí a chur in iúl, i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán STA. Faoin 31 Lúnasa 2024, bhí an tréimhse fionraíochta 6 mhí ar siúl i gcás na Spáinne agus na hIodáile inar féidir leis na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaí go sásúil na clocha míle nó na spriocanna eile a bhí fágtha gan chomhlíonadh.

### *Lean an Coimisiún de Bhannaí an Aontais a eisiúint chun STA a mhaoiniú*

**In 2024 lean an Coimisiún de chistí a thiomsú sna margaí trí chur chuige aontaithe i leith cistithe**, faoina n-eisíonn an Coimisiún Bannaí aonbhranda de chuid an Aontais agus faoina leithdháileann sé na fáltais ar chomhthiomsú lárnach cistiúcháin óna gcistítear cláir bheartais éagsúla an Aontais. Faoin 31 Lúnasa 2024, EUR 531,4 billiún a bhí i méid iomlán bhannaí an Aontais gan íoc, agus is i bhfoirm bhannaí glasa NextGenerationEU a bhí EUR 60,2 billiún den mhéid sin. Lean an Coimisiún de Bhillí an Aontais 3 mhí agus 6 mhí a eisiúint freisin chun riachtanais chistithe ghearrthéarmacha a chomhlíonadh. Faoin 31 Lúnasa 2024, EUR 20,9 billiún a bhí i gceist le Billí an Aontais gan íoc.

**Leis na fáltais a bailíodh ó eisiúintí Bhannaí an Aontais, bhí an Coimisiún in ann leanúint de chistiú rianúil phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát.** Rinne an Coimisiún na heisíocaíochtaí uile leis na Ballstáit faoi phlean téarnaimh

[14] Féach Cinneadh Cur Chun Feidhme an 6.5.2024 ón gCoimisiún maidir le méid na chéad tráthchoda den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Liotuáin a laghdú.

[15] Féach Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 26.7.2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (C2023) 9290 ón gCoimisiún an 22.12.2023 maidir le heisíocaíocht an tríú agus an ceathrú tráthchuid den tacaíocht neamh-inaisíoctha agus an tríú agus an ceathrú tráthchuid den tacaíocht iasachta don Phortaingéil a údarú.

agus athléimneachta a luaithe a bhí siad dlite, laistigh de shé lá oibre tar éis a n-údaraithe ar an meán. Ní raibh aon mhoill ann.

**I mí an Mheithimh, d'eisigh an Coimisiún a phlean cistiúcháin don dara seimeastar de 2024, le sprioc chistiúcháin suas le EUR 65 bhilliún de Bhannaí fadtéarmacha an Aontais idir mí Iúil agus deireadh mhí na Nollag 2024.** Tá an plean cistiúcháin le haghaidh hidrigine bunaithe ar chur i gcrích na sprice EUR 75 bhilliún don chéad seimeastar de 2024, agus is é is aidhm d'eisiúintí cistiú iomlán suas le EUR 140 billiún a shlógadh in 2024 (i gcomparáid le sprioc chistiúcháin EUR 120 billiún in 2023).

**Faoi NextGenerationEU agus bunaithe ar iarrataí na mBallstát ar chistiú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ar riachtanais chistiúcháin chláir eile de chuid an Aontais a fhaigheann tacaíocht ó NextGenerationEU, tá coinne ag an gCoimisiún suas le EUR 712 bhilliún a thiomsú trí Bhannaí an Aontais a eisiúint faoi 2026** (as imchlúdach cláir uasta EUR 806,9 billiún[16]). Fágann sé sin go bhfuil an tAontas ar cheann de na heisitheoirí fiachais is mó atá ainmnithe in euro sa tréimhse seo.

### *Tá méadú ag teacht ar líon na mbeart atá incháilithe do mhaoiniú faoi Bhannaí Glasa NextGenerationEU*

**In 2020, d'fhógair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige suas le 30 % de NextGenerationEU a chistiú trí bhannaí glasa a eisiúint.** Léirítear leis sin tiomantas an Choimisiúin do mhaoiniú inbhuanaithe, rud a thugann sócmhainn ghlas leachtach ardmholta nua don mhargadh, a thugann rochtain ar infheistíochtaí glasa do réimse leathan infheisteoirí, agus a neartaíonn ról an Aontais Eorpaigh agus an euro sna margaí airgeadais inbhuanaithe. Eisíodh an chéad Bhanna Glas NextGenerationEU i mí Dheireadh Fómhair 2021. Tríd an mbanna 15 bliana sin, bhailigh an Coimisiún EUR 12 bhilliún, rud a fhágann gurb é an t-idirbheart banna ghlais is mó ar domhan é go dtí seo. Ó shin i leith, tá EUR 60,2 billiún de Bhannaí Glasa NextGenerationEU eisithe ag an gCoimisiún, agus déantar eisiúintí nua a chalabrú chun freagairt do chaiteachas glas tuairiscithe na mBallstát.

**Faoin 31 Lúnasa 2024, bhain caiteachas náisiúnta chun bearta arna maoiniú ag Bannaí Glasa NextGenerationEU a chur chun feidhme go príomha le bearta éifeachtúlachta fuinnimh (42.8 % den chaiteachas leithdháilte) agus le hiompar agus bonneagar glan (33.3 %).** Ba iad fuinneamh glan agus líonra glan an tríú catagóir caiteachais ba mhó le 8.4 % den chaiteachas i measc naoi gcatagóir caiteachais ar féidir fáltais bhannaí glasa NextGenerationEU a leithdháileadh orthu.

**Cuireann an tAontas maoiniú inbhuanaithe chun cinn trí Bhannaí Glasa NextGenerationEU, trí chistí a dhíriú ar réimse leathan tionscadal glas.** Tá an tAontas anois ar cheann de na heisitheoirí bannaí glasa is mó ar domhan, rud a mhéadaíonn

[16] Comhfhreagraíonn an difríocht idir an dá mhéid sin don mhéid i dtacaíocht iasachta STA atá ar fáil nár iarr na Ballstáit. Ós rud é go bhfuil an spriocdháta chun tacaíocht iasachta a iarraidh imithe in éag anois, faoin gcreat dlíthiúil reatha, ní chruinneoidh an Coimisiún na cistí sin atá fágtha ar na margaí airgeadais chun na hiasachtaí sin a chistiú.

an margadh sin go suntasach. Trí chloí le Prionsabail na mBannaí Glasa de chuid Chomhlachas Idirnáisiúnta Margaí Caipitil agus trí thuairisciú trédhearcach a áirithiú, leagann an tAontas ardchaighdeán síos i margadh na mbannaí glasa, rud a spreagann an sreabhadh caipitil i dtreo infheistíochtaí atá dearfach ó thaobh an chomhshaoil de. Ní hamháin go léiríonn Bannaí Glasa NextGenerationEU tiomantas láidir an Aontais don inbhuanaitheacht ach déanann siad tionscnaimh ghlasa a chomhtháthú sa téarnamh eacnamaíoch ó phaindéim COVID-19, rud a chuireann conair fáis athléimneach agus inbhuanaithe chun cinn don todhchaí.

**I gcomhréir le ceanglais tuairiscithe Chreat Bhannaí Glasa NextGenerationEU, i mí na Nollag 2023 d'fhoilsigh an Coimisiún an chéad Tuarascáil chuimsitheach maidir le Leithdháileadh agus Tionchar Bhannaí Glasa NextGenerationEU**. Léirítear san anailís gur féidir le bearta a mhaoinítear leis na bannaí sin astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 44 mhilliún tona in aghaidh na bliana, arb ionann é agus 1.2 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa comhiomlána an Aontais.

**Ó rinneadh an tuarascáil dheireanach, mar gheall ar bhearta nua ó na caibidlí REPowerEU a glacadh le déanaí a chur san áireamh, tá méadú níos mó ná EUR 80 billiún tagtha ar chomhthiomsú na mbeart pleanáilte atá incháilithe chun maoiniú a fháil faoi bhannaí glasa NextGenerationEU,** sa chaoi go raibh i gceist EUR 268.1 billiún de shócmhainní incháilithe faoin 31 Lúnasa 2024. Foilseofar an chéad tuarascáil eile i mí na Samhna 2024, ina léireofar méadú breise ar mhéid na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa is féidir a sheachaint le hinfheistíochtaí bannaí glasa NextGenerationEU.

### *Coinníollacht mhaicreacnamaíoch agus STA*

**Le hAirteagal 10 de Rialachán STA, nasctar STA le creat rialachais fhioscaigh an Aontais.** Go sonrach, ceanglaítear le hAirteagal 10(1) de Rialachán STA ar an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun na gealltanais nó na híocaíochtaí ábhartha uile, nó cuid díobh, a chur ar fionraí i gcás ina gcinnfidh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 126(8) nó (11) CFAE nach bhfuil gníomhaíocht éifeachtach déanta ag Ballstát chun a easnamh iomarcach a cheartú. Is amhlaidh atá mura rud é gur chinn an Coimisiún go bhfuil géarchor chun donais eacnamaíoch ann don Aontas ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(5) agus Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle, i.e. clásal éalaithe ginearálta ghéag cheartaitheach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis. Ceanglaítear le hAirteagal 10(8) de Rialachán STA ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Airteagal 10 faoi dheireadh 2024 agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Comhlíonann an tuarascáil seo an ceanglas sin.

**Ní raibh ach cás amháin ann ó bunaíodh STA a bhí ábhartha do chur i bhfeidhm Airteagal 10 de Rialachán STA.** An 19 Meitheamh 2024, mhol an Coimisiún cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 126(8) CFAE toisc nár éirigh leis an Rómáin gníomhaíocht éifeachtach a sholáthar mar fhreagairt ar mholadh faoi Airteagal 126(7) CFAE, i.e. moladh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis.

Ghlac an Chomhairle an moladh faoi Airteagal 126(7) CFAE an 18 Meitheamh 2021 agus mhol sí don Rómáin deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2024 ar a dhéanaí.

**In 2023, measadh fós go raibh an tAontas i ngéarchor chun donais eacnamaíoch don Aontas ina iomláine, agus clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis fós gníomhachtaithe.** Ar an gcúis sin, níor mhol an Coimisiún gealltanais ná íocaíochtaí chistí an Aontais leis an Rómáin a chur ar fionraí tar éis don Chomhairle an cinneadh faoi Airteagal 126(8) CFAE a ghlacadh an 26 Iúil 2024.

## B. Athbhreithniú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta

*Tá pleananna téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe uaillmhianach i gcónaí tar éis na n-athbhreithnithe a rinneadh in 2023 agus in 2024*

**Mar gheall ar theagmhais gheopholaitiúla, boilsciú ard, ganntanais sa slabhra soláthair agus, i gcásanna áirithe, tubaistí nádúrtha, bhí sé dúshlánach do na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí áirithe a chur chun feidhme ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.** Bhí na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, in ann na srianta seachtracha sin a mhaolú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta ábhartha trí úsáid a bhaint as an tsolúbthacht atá leabaithe i Rialachán STA chun pleananna téarnaimh agus athléimneachta a leasú i gcás ina raibh sé dodhéanta na clocha míle agus na spriocanna bunaidh a bhaint amach mar gheall ar imthosca oibiachtúla (faoi Airteagal 21 de Rialachán STA). Thug na Ballstáit caibidlí REPowerEU isteach ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta freisin, agus ar an gcaoi sin bhain siad tairbhe as acmhainní breise agus chuir siad borradh faoi athchóirithe agus infheistíochtaí lena ndéantar soláthairtí fuinnimh an Aontais a éagsúlú, lena gcuirtear dlús leis an aistriú glas agus lena dtacaítear le teaghlaigh leochaileacha. Deis a bhí sna hathbhreithnithe sin freisin na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a thabhairt cothrom le dáta chun an leithdháileadh airgeadais athbhreithnithe ar na Ballstáit a chur san áireamh[17] agus leas a bhaint as an tacaíocht iasachta atá fós[18] ar fáil faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

**Áirithíodh le hathbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta go dtugann siad aghaidh ar thionchar an bhoilscithe aird agus ar na scrogall ar thaobh an tsoláthair a raibh tionchar acu ar an bpíblíne infheistíochta.** Tugadh na pleananna téarnaimh agus athléimneachta uile cothrom le dáta uair amháin ar a laghad in 2023 agus bhí cuid acu faoi réir leasuithe spriocdhírithe breise: faoi scoithdháta na tuarascála (31 Lúnasa 2024), bhí iarraidh amháin ar a laghad curtha isteach ag na Ballstáit uile chun a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a mhodhnú, bhí caibidil REPowerEU curtha

[17] I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán STA, rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha ó gach Ballstát a thabhairt cothrom le dáta i mí an Mheithimh 2022 ar bhonn sonraí olltoraidh Eurostat maidir leis an athrú ar fhíorfhás OTI le linn 2020 agus an t-athrú comhiomlán ar fhíor-OTI don tréimhse 2020-2021.

[18] D'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht iasachta (bhreise) a iarraidh go dtí an 31 Lúnasa 2023, mar a leagtar síos in Airteagal 14(2) de Rialachán STA. As an imchlúdach foriomlán de EUR 385,8 billiún atá ar fáil le haghaidh tacaíocht iasachta faoi STA, gealladh beagnach EUR 291 bhilliún faoi dheireadh 2023.

isteach ag 26 Bhallstát, agus bhí athbhreithnithe spriocdhírithe breise déanta ag 11 Bhallstát freisin (Tábla 2). Agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a gcuid pleananna téarnaimh agus athléimneachta, thug na Ballstáit aird ar leith ní hamháin ar cháilíocht na mbeart ach freisin ar a n-aibíocht agus ar a dtréimhse cur chun feidhme, i bhfianaise chineál teoranta ama STA go dtí 2026. Gealltanais nach bhféadfaí a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla, rinneadh iad a choigeartú agus, i roinnt mhaith cásanna, roghanna malartacha níos oiriúnaí a chur ina n-ionad, agus uaillmhian bhunaidh an PTA a choinneáil slán ag an am céanna. Le raon feidhme leathan STA, tugadh an tsolúbthacht is gá do na Ballstáit chun acmhainní a leithdháileadh de réir a dtosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, i gcomhréir le cuspóirí STA.

*Tábla 2: Staid na himeartha maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe agus caibidlí REPowerEU a thíolacadh faoin 31 Lúnasa 2024*

| | **BE** | **BG** | **CZ** | **DK** | **DE** | **EE** | **IE** | **EL** | **ES** | **FR** | **HR** | **IT** | **CY** | **LV** | **LT** | **LU** | **HU** | **MT** | **NL** | **AT** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **FI** | **SE** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 27 bplean formheasta ag an gCoimisiún agus glactha ag an gComhairle | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 42 athbhreithniú curtha faoi bhráid an Choimisiúin | 1x | 1x | 1x | 1x | 3x | 1x | 3x | 2x | 2x | 1x | 1x | 3x | 2x | 1x | 2x | 2x | 1x | 1x | 1x | 1x | 2x | 2x | 1x | 1x | 1x | 3x | 1x |
| 26 chaibidil REPowerEU curtha faoi bhráid an Choimisiúin | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 40 athbhreithniú arna measúnú ag an gCoimisiún | 1x | 1x | 1x | 1x | 3x | 1x | 3x | 2x | 2x | 1x | 1x | 3x | 2x | 1x | 1x | 2x | 1x | 1x | 1x | 1x | 2x | 1x | 1x | 1x | 1x | 3x | 1x |
| 39 n-athbhreithniú arna nglacadh ag an gComhairle | 1x | 1x | 1x | 1x | 3x | 1x | 3x | 2x | 2x | 1x | 1x | 3x | 2x | 1x | 1x | 1x | 1x | 1x | 1x | 1x | 2x | 1x | 1x | 1x | 1x | 3x | 1x |


**Foinse:** an Coimisiún Eorpach

***Tá athrú tagtha ar an imchlúdach airgeadais iomlán agus ar ranníocaíocht STA le gach ceann de na sé cholún beartais tar éis athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta***

**Cinneadh gur EUR 650 billiún a bhí i gceist le himchlúdach airgeadais iomlán STA ag deireadh mhí Lúnasa 2024.** Miondealaítear é sin in EUR 359 mbilliún i dtacaíocht neamh-inaisíoctha agus EUR 291 bhilliún in iasachtaí. Áirítear leis an tacaíocht bhreise neamh-inaisíoctha arna maoiniú ag an gCóras Trádála Astaíochtaí (‘CTA’) agus aistrithe ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit (‘CCB’) a cuireadh ar fáil do na Ballstáit le Rialachán STA arna leasú chun tacú le REPowerEU. Tá an EUR 359 mbilliún i dtacaíocht neamh-inaisíoctha roinnte mar a leanas: (i) EUR 338 mbilliún i dtacaíocht bhunaidh neamh-inaisíoctha STA, (ii) gar do EUR 19,5 billiún i dtacaíocht neamh-inaisíoctha faoi CTA, agus (iii) gar do EUR 2 bhilliún i dtacaíocht neamh-inaisíoctha ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit. Bhí na Ballstáit in ann tacaíocht iasachta a iarraidh go dtí mí Lúnasa 2023. As an imchlúdach iasachta iomlán de EUR 385 bhilliún a bhí ar fáil, gealladh beagnach EUR 291 bhilliún faoi

dheireadh 2023, an spriocdháta dlíthiúil le haghaidh gealltanais airgeadais faoi STA. Mar thoradh ar an dá athrú sin (méadú ar thacaíocht neamh-inaisíoctha atá ar fáil trí CTA agus trí CCB agus níos lú tacaíochta iasachta a iarradh ná an t-imchlúdach iomlán atá ar fáil) bhí imchlúdach iomlán STA de EUR 650 billiún ann faoi dheireadh mhí Lúnasa 2024. Ba é an méid EUR 723 bhilliún a tuairiscíodh roimhe seo uasmhéid thacaíocht neamh-inaisíoctha STA (EUR 338 mbilliún) agus iasachtaí STA (EUR 385 bhilliún) a cuireadh ar fáil le Rialachán STA.

**Mar thoradh air sin agus ar na hathbhreithnithe ar an bplean gaolmhar, tá athrú tagtha ar rannchuidiú na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta le gach colún beartais i dtéarmaí na gcostas measta (féach Fíor 1).** Cé go bhfuil méadú tagtha, i ndearbhthéarmaí, ar na costais mheasta do gach colún beartais, treisíodh bearta a rannchuidíonn le colún 1 maidir leis an aistriú glas agus colún 3 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach agus cuireann sciar níos airde de na pleananna téarnaimh agus athléimneachta leis an dá chuspóir sin anois.




Fíor 1: *Sciar de chostais mheasta STA a rannchuidíonn le gach colún beartais, roimh athbhreithnithe clár cosanta réigiúnaí agus ina ndiaidh*

Tabhair faoi deara: Rannchuidíonn gach beart le dhá cheann de na sé cholún beartais. Dá bhrí sin, is ionann an ranníocaíocht iomlán leis na colúin uile a thaispeántar ar an gcairt seo agus 200 % de chistí STA arna leithdháileadh ar na Ballstáit. Ní hionann na céatadáin a thaispeántar don méid atá curtha le cholún an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na céatadáin a thaispeántar don mhéid atá curtha leis na cuspóirí aeráide agus digiteacha; déantar na modheolaíochtaí sin a ríomh de réir modheolaíochta éagsúla (atá sonraithe in Iarscríbhinn VI agus in Iarscríbhinn VII de Rialachán STA).
Foinse: Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

### *Tá forbairt tagtha ar phróifílí íocaíochta tar éis na n-athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta*[19]


**Bunaíodh na próifílí íocaíochta faoi STA (i.e. an méid atá le heisíoc i dtráthchodanna as liosta réamhshainithe cloch míle agus spriocanna a**

[19] Freagraítear leis an anailís sa roinn seo moladh ó Pharlaimint na hEorpa a rinneadh i gcomhthéacs nós imeachta um urscaoileadh 2021.


**chomhlíonadh go sásúil) de réir sraith treoirphrionsabal**. Bunaíodh na próifílí íocaíochta bunaidh mar léiriú ar roinnt tosca, lena n-áirítear riachtanais mhaoiniúcháin náisiúnta agus pleanáil bhuiséadach, agus cion na gcloch míle agus na spriocanna i ngach tráthchuid chomh maith lena dtábhacht choibhneasta. Dá réir sin, níl aon ghaol líneach simplí idir líon na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchuid ar leith agus méid na heisíocaíochta gaolmhaire. Tar éis plé a dhéanamh leis na Ballstáit, mhol an Coimisiún próifílí íocaíochta a d'fhormheas an Chomhairle ar deireadh.


**Leis an athbhreithniú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta, tá forbairt tagtha ar phróifílí íocaíochta chun léiriú a thabhairt ar chaibidlí REPowerEU a cuireadh isteach, ar athruithe ar an leithdháileadh airgeadais in aghaidh an Bhallstáit agus ar choigeartuithe ar bhearta STA atá ann cheana**. Mar thoradh ar ghlacadh chaibidlí REPowerEU, tháinig méadú ar an tacaíocht deontais iomlán do na Ballstáit, agus cuireadh clocha míle agus spriocanna nua a bhaineann le REPowerEU leis na tráthchodanna atá ann cheana. Ina theannta sin, bhí sé d'aidhm ag na hathbhreithnithe ar na pleananna freisin an leithdháileadh airgeadais nuashonraithe (Airteagal 18 de Rialachán STA) a léiriú agus imthosca oibiachtúla a dhéanann difear d'indéantacht na mbeart a chur san áireamh (Airteagal 21). Mar thoradh air sin, tháinig athruithe ar an ábhar (e.g. spriocanna cainníochtúla a laghdú/a mhéadú, roghanna malartacha níos fearr a chur in ionad clocha míle agus spriocanna) agus ar amlínte cur chun feidhme roinnt beart sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Léiríodh an t-athrú ar leithdháileadh na ndeontas agus clocha míle agus spriocanna a bheith curtha isteach, bainte agus modhnaithe araon sna próifílí íocaíochta athbhreithnithe i gcomhréir leis na treoirphrionsabail a úsáideadh agus na próifílí íocaíochta a liostaítear thuas á mbunú. Rinne an Coimisiún measúnú ar an ngá a áirithiú go bhfuil próifílí íocaíochta i gcomhréir le dul chun cinn cur chun feidhme na gcloch míle agus na spriocanna, agus a dtábhacht choibhneasta á cur san áireamh, go ndreasaíonn siad cur chun feidhme iomlán na bpleananna, agus, ar bhonn comhiomlán, go leanann siad de bheith comhoiriúnach le plean cistiúcháin an Aontais.


**Léirítear i bhFíor 2 thíos na próifílí íocaíochta atá ann faoi láthair do chomhpháirt deontais gach plean téarnaimh agus athléimneachta**. Léirítear iontu sciar carnach ollmhéid gach tráthchoda mar chéatadán den leithdháileadh deontais iomlán agus sciar carnach líon cloch míle agus spriocanna gach tráthchoda as líon iomlán na gcloch míle agus na spriocanna sa chomhpháirt deontais. Níl aon ghaol líneach idir líon na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchuid ar leith agus méid na heisíocaíochta gaolmhaire ós rud é go socraítear próifílí íocaíochta i gcomhréir leis an tacar prionsabal a luaitear thuas.




Fíor 2: *Céatadán na tacaíochta neamh-inaisíoctha (carnach) agus na gcloch míle agus na spriocanna a áirítear i ngach tráthchuid, in aghaidh an Bhallstáit.*










**Tabhair faoi deara:** Níl aon ghaol líneach idir líon na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchuid ar leith agus méid na heisíocaíochta gaolmhaire. Is amhlaidh atá toisc gur bunaíodh próifílí íocaíochta mar léiriú ar roinnt tosca, lena n-áirítear riachtanais mhaoiniúcháin náisiúnta agus pleanáil bhuiséadach, cion na gcloch míle agus na spriocanna i ngach tráthchuid, agus a dtábhacht choibhneasta

**Foinse:** An Coimisiún Eorpach

### *Tá spriocanna aeráide agus digiteacha STA á gcomhlíonadh fós ag pleananna téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe*

**Tar éis na n-athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh, leanann na Ballstáit uile de 37 % ar a laghad dá leithdháileadh pleananna téarnaimh agus athléimneachta a thiomnú do bhearta a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide agus 20 % ar a laghad do chuspóirí digiteacha (féach Fíor 3).** I gcás STA ina hiomláine, tháinig méadú ar an gcaiteachas aeráide measta, agus b'ionann é agus 42.5 % de leithdháileadh STA faoi dheireadh mhí Lúnasa (an scoithdháta), agus b'ionann an caiteachas digiteach measta agus 26 %, rud a fhágann go bhfuil sé os cionn an dá sprioc a leagtar síos sa Rialachán.




Fíor 3: *Sciar de leithdháileadh iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus digiteacha, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta*

Tabhair faoi deara: B'éigean a shonrú sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta a mhéid a rannchuidíonn gach beart go hiomlán (100 %) leis na cuspóirí aeráide agus/nó digiteacha, go páirteach (40 %) leo nó nach bhfuil aon tionchar aige (0 %) orthu agus údar cuí a thabhairt leo. Rinneadh an rannchuidiú le cuspóirí aeráide agus digiteacha a ríomh trí úsáid a bhaint as Iarscríbhinní VI agus VII de Rialachán STA, faoi seach. Trí na comhéifeachtaí a chomhcheangal leis na meastacháin ar chostais a bhaineann le gach beart, is féidir an méid a chuireann na pleananna leis na spriocanna aeráide agus digiteacha a ríomh.


Foinse: Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

### *Rannchuidíonn pleananna téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe le beartais shóisialta agus le comhionannas inscne ar fud an Aontais*

**Leanann na pleananna téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe de chóineasú sóisialta aníos a chothú.** Cuireann méid iomlán measta de thart ar EUR 162,3 billiún ar fud na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta le bearta beartais shóisialta[20], arb ionann é agus thart ar 25 % den chaiteachas iomlán measta. Tar éis na n-athbhreithnithe ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta, tá beagnach 30 % den chaiteachas sóisialta measta tiomnaithe d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe san oideachas agus sa chúram leanaí (laghdú 4 phointe céatadáin) agus don chúram sláinte agus don chúram fadtéarmach (laghdú 5 phointe céatadáin), faoi seach, agus tá 25 % tiomnaithe d'fhostaíocht agus do scileanna (ardú 6 phointe céatadáin) agus tiomnaítear an chuid eile do bheartais shóisialta (ardú 3 phointe céatadáin) (Fíor 4). Áirítear anois i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát 423 bheart (fobheart) lena ndírítear ar leanaí agus ar an óige, atá scaipthe thar roinnt réimsí beartais, lena n-áirítear oideachas ar gach leibhéal, tacaíocht fostaíochta, agus tithíocht.

*Fíor 4: Sciar den chaiteachas sóisialta measta STA de réir na catagóire sóisialta*

[20] I bhfianaise thábhacht an chaiteachais shóisialta i ndiaidh phaindéim COVID, tugadh de chumhacht don Choimisiún le Rialachán STA gníomh tarmligthe a ghlacadh lena mbunaítear modheolaíocht chun tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas sóisialta measta, lena n-áirítear ar leanaí agus ar an óige, faoi STA (Airteagal 29(4)b). Sa mhodheolaíocht arna glacadh ag an gCoimisiún déantar an caiteachas measta uile arna mhaoiniú ón tSaoráid a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí a aicmiú i naoi réimse beartais leathana, agus déantar iad a chomhiomlánú ansin i gceithre chatagóir shóisialta: (1) fostaíocht agus scileanna, (2) oideachas agus cúram leanaí, (3) cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, agus (4) beartais shóisialta; féach Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2105 ón gCoimisiún.





Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo miondealú an chaiteachais shóisialta mheasta ar fud na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta uile. Déantar catagóirí sóisialta a shainiú agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar an modheolaíocht a ghlac an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2105.

Foinse: Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

**Leanann pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát de bheith ag rannchuidiú le comhionannas inscne, le gach plean seachas dhá phlean lena n-áirítear bearta arb é is aidhm dóibh go sainráite rannchuidiú le comhionannas inscne.** Tá 136 bheart nó fobheart sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe ina ndírítear ar chomhionannas inscne. Tá an miondealú ar bhearta atá ábhartha maidir le comhionannas inscne in aghaidh an Bhallstáit le fáil i bhFíor 5. Sa bhreis ar na 1367 mbeart (fobheart) a rannchuidíonn go sainráite le comhionannas inscne, leanann na Ballstáit d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí eile a áireamh ina bpleananna ar féidir lena gcur chun feidhme cur go mór leis na gnéithe sin. Áirítear leis sin, mar shampla, athchóirithe agus infheistíochtaí i mbonneagar, in iompar poiblí nó i nascacht dhigiteach. D'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag bearta den sórt sin ó thaobh rochtain ar chianoideachas, ar sheirbhísí riachtanacha (sláinte) agus ar fhóntais riachtanacha, nó ó thaobh ligean do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht theoranta acu nó a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sa saol sóisialta.

*Fíor 5: Céatadán na mbeart maidir le plean téarnaimh agus athléimneachta agus béim iontu ar chomhionannas inscne*




**Foinse:** Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

## C. Faighteoirí deiridh faoi STA

*Foilsíonn gach Ballstát sonraí maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó*

**Go luath in 2023, feabhsaíodh trédhearcacht maidir le húsáid chistí STA nuair a leasaíodh Rialachán STA, i gcomhthéacs REPowerEU, chun a cheangal ar na Ballstáit faisnéis a nochtadh maidir leis na faighteoirí deiridh is mó faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.** De réir Airteagal 25a de Rialachán STA, ní mór do na Ballstáit tairseach a chruthú a mbeidh rochtain ag an bpobal uirthi ina dtiomsófar sonraí maidir leis an 100 faighteoir deiridh a fhaigheann an méid is airde cistiúcháin chun bearta faoin tSaoráid a chur chun feidhme agus na sonraí a thabhairt cothrom le dáta dhá uair sa bhliain[21]. I gcomhthéacs STA, tagraíonn faighteoirí deiridh do na heintitis dheireanacha a fhaigheann cistí chun beart STA a chur chun feidhme nach conraitheoirí ná fochonraitheoirí iad, amhail saoránaigh, gnólachtaí, údaráis réigiúnacha nó áitiúla. Dá bhrí sin, is féidir leo a bheith ina ndaoine dlítheanacha nó nádúrtha[22]. I gcomhréir le ceanglais an Rialacháin, déanann an Coimisiún na sonraí a lárú agus a fhoilsiú in éineacht le naisc ar thairseacha náisiúnta na mBallstát ar an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta[23].

**Chun comhsheasmhacht agus inchomparáideacht na sonraí a áirithiú, chuir an Coimisiún treoraíocht ar fáil do na Ballstáit.** Phléigh an Coimisiún an tuairisciú ar fhaighteoirí deiridh leis na Ballstáit ag cruinnithe éagsúla de shainghrúpa neamhfhoirmiúil STA, agus leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé trédhearcacht a fheabhsú. I ndáil leis an

[21] Sonraítear sa Rialachán freisin an fhaisnéis ba cheart do na Ballstáit a fhoilsiú, mar atá ainm iomlán an fhaighteora, an uimhir aitheantais CBL nó cánach (nó aitheantóir uathúil difriúil) i gcás duine dlítheanach, an méid a fuarthas agus na bearta gaolmhara a bhfuair an faighteoir maoiniú ina leith.

[22] Tá sé sin i gcomhréir le Rialachán STA, ina luaitear in Airteagal 22(2)(d) faighteoirí deiridh mar eintitis ar leithligh ó chonraitheoirí agus ó fhochonraitheoirí, rud a áirithíonn léirmhíniú comhsheasmhach ar an téarma ar fud Rialachán STA.

[23] https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/disbursements.html?table=finalRecipientByCountry

méid sin, agus obair leantach a dhéanamh freisin ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa[24], le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an tuarascáil seo comhdhlúthaítear an treoraíocht sin agus soiléirítear a thuilleadh coincheap an fhaighteora deiridh faoi Rialachán STA agus raon feidhme fhoilsiú na sonraí maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó faoi STA.

**Chruthaigh gach ceann de na 27 mBallstát tairseach atá ar fáil go poiblí ina bhfuil sonraí maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó.** In 2023 cheana féin, chuir na Ballstáit uile an chéad tacar sonraí ar fáil maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó, agus chuir a bhformhór nuashonrú ar fáil níos déanaí sa bhliain freisin. Tá an Coimisiún ag súil go gcloífidh na Ballstáit uile leis an spriocdháta tuairiscithe débhliantúil amach anseo agus déanfaidh sé dlúthfhaireachán chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáid na sonraí a thabhairt cothrom le dáta faoi dhó sa bhliain. In 2024, bhí beagnach gach Ballstát tar éis an chéad nuashonrú ar a gcuid sonraí a chur ar fáil cheana féin, agus tá an Coimisiún ag súil leis an dara nuashonrú ar na sonraí i mí Dheireadh Fómhair.

**Chuir formhór na mBallstát liosta iomlán sonraí ar fáil maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, agus chuir roinnt acu liostaí ar fáil ina raibh níos lú ná 100 faighteoir deiridh**, eadhon an Bhulgáir (19), an Eastóin (98), an Ungáir (99), an Liotuáin (71), Málta (31) agus an Rómáin (98). I gcásanna áirithe, is féidir é sin a nascadh le staid chur chun feidhme pleananna téarnaimh agus athléimneachta faoi seach na mBallstát lena mbaineann, i gcás ina bhfuil cur i bhfeidhm na mbeart á ullmhú ach nach bhfuil na faighteoirí deiridh bainte amach ag cistí go fóill. Áirítear i Rialachán STA freisin díolúintí[25] ón oibleagáid sonraí a fhoilsiú, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Airgeadais, a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i gcásanna áirithe maidir le tuairisciú ar na faighteoirí deiridh is mó.

**Is féidir leis na sonraí maidir leis na faighteoirí deiridh is mó i ngach Ballstát léargais luachmhara a sholáthar**, rud a fhágann gur féidir trédhearcacht mhéadaithe a bheith ann maidir le dáileadh chistiú STA. Forlíontar leis na sonraí na sonraí atá ann cheana maidir le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, amhail na clocha míle agus na spriocanna comhlíonta, agus eisíocaíochtaí in aghaidh an cholúin agus cuireann siad le léarscáil na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ó STA.


**Tá éagsúlacht mhór idir méideanna an chistithe a eisíoctar leis na faighteoirí deiridh is mó i ngach Ballstát**, i gcomhréir le cineál ilchineálach na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus leis na difríochtaí i leithdháiltí airgeadais. Ba mhó ná EUR 22 bhilliún an méid ab airde a fuair faighteoir deiridh, agus ba é EUR 5 723 an méid ab ísle a fuair ceann de na faighteoirí deiridh is mó. Is ionann meánluach na gcistí a fhaigheann

[24] Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Aibreán 2024 maidir le dúnadh chuntais bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún, §286(xiii).

[25] Áirítear na ceithre chás seo a leanas leis na díolúintí sin: (i) tacaíochtaí oideachais a íoctar le daoine nádúrtha agus aon tacaíocht dhíreach eile a íoctar le daoine nádúrtha is mó atá i ngátar, (ii) conarthaí ar luach an-íseal faoi bhun EUR 15 000, (iii) tacaíocht airgeadais a sholáthraítear trí ionstraimí airgeadais ar mhéid níos lú ná EUR 500 000, agus (iv) i gcás inar baol nochtadh na tacaíochta sin do chearta agus saoirsí na ndaoine nó na n-eintiteas lena mbaineann nó i gcás ina ndéanann sé dochar do leasanna tráchtála na bhfaighteoirí.

na faighteoirí deiridh is mó agus beagnach EUR 63 mhilliún agus tá an luach airmheánach i bhfad níos ísle ag EUR 4.5 milliún. Ar an gcaoi chéanna, is ionann suim na gcistí a fuair na faighteoirí deiridh is mó i ngach Ballstát go dtí seo agus sciartha éagsúla dá n-imchlúdaigh iomlána (féach Fíor 6), ar fud na mBallstát agus nuair a dhéantar comparáid idir suim na gcistí a fuair an 10 bhfaighteoir is mó agus an 100 faighteoir deiridh is mó laistigh de gach Ballstát. Ar an meán, is é 22.1 % an méid iomlán cistí a fuair an 100 faighteoir deiridh is mó mar sciar de leithdháiltí na mBallstát, agus is ionann na cistí a fuair na 10 bhfaighteoir deiridh is mó agus sciar 14.3 % de leithdháiltí na mBallstát.

*Fíor 6: Suim na gcistí a fhaigheann na 10 bhfaighteoir deiridh is mó agus an 100 faighteoir deiridh is mó, mar sciar d'imchlúdach iomlán na mBallstát*




**Foinse:** Ríomh an Choimisiúin Eorpaigh féin bunaithe ar shonraí na bhfaighteoirí deiridh arna soláthar ag na Ballstáit

**Is eintitis phoiblí iad formhór na bhfaighteoirí deiridh is mó a thuairiscítear ar fud na mBallstát.** De réir mheastacháin an Choimisiúin, is eintitis phoiblí iad 59.4 % den 100 faighteoir deiridh is mó ar fud na mBallstát agus is eintitis phríobháideacha iad 40.7 % díobh[26]. Tá thart ar EUR 94,5 billiún san iomlán faighte ag na faighteoirí deiridh is mó in aghaidh an Bhallstáit ar údaráis phoiblí iad, is é sin 15 % de chistí STA uile a gealladh, agus tá EUR 65 bhilliún faighte ag na faighteoirí deiridh is mó in aghaidh an Bhallstáit ar eintitis phríobháideacha iad, is é sin sciar 10 % de chistí uile STA a gealladh. Ós rud é go bhfuil go leor de bhearta STA dírithe ar sholáthar earraí poiblí a fheabhsú, i réimsí amhail sláinte, iompar nó digitiú riarachán poiblí, ar tionscadail infheistíochta chostasacha mhórscála iad de ghnáth, is minic gurb iad na húdaráis phoiblí na faighteoirí deiridh. Mar sin féin, tá tacaíocht

[26] I gcomhréir le hAirteagal 25a de Rialachán STA, ní cheanglaítear ar na Ballstáit a shonrú an eintitis phoiblí nó eintitis phríobháideacha iad na faighteoirí deiridh. Dá bhrí sin, tá na figiúirí a chuirtear i láthair anseo bunaithe ar mheastacháin an Choimisiúin Eorpaigh féin.


fhorleathan á cur ar fáil ag STA freisin don earnáil phríobháideach agus go háirithe do FBManna, ag tacú lena ndigitiú agus le hathsciliú agus uas-sciliú a bhfostaithe.

### *Faigheann na faighteoirí deiridh is mó cistiú le haghaidh infheistíochtaí i ngach ceann de shé cholún beartais STA*

**Na bearta a bhfuair an 100 faighteoir deiridh is mó faoi STA cistiú ina leith, is ar fud na sé cholún beartais atá siad (Fíor 7).** Léiríonn sé sin go dtugann STA tacaíocht chuimsitheach do na Ballstáit ar fud na réimsí beartais is ábhartha. An tráth céanna, bhí na faighteoirí deiridh is mó rannpháirteach den chuid is mó i mbearta cur chun feidhme a rannchuidíonn leis an aistriú glas (23 %), agus ina dhiaidh sin, de bheagán, bhí siad rannpháirteach in infheistíochtaí san fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach (22 %), sa chlaochlú digiteach agus sa chomhtháthú sóisialta agus críochach (18 % an ceann). Leagtar béim leis sin ar an bhfócas ar an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a spreagadh tar éis ghéarchéim COVID-19, chomh maith le geilleagair, sochaithe agus riaracháin phoiblí an Aontais a ullmhú don aistriú glas agus don aistriú digiteach, i gcomhréir go hiomlán le cuspóirí uileghabhálacha na Saoráide.

**Tacaíonn na méideanna is mó a fhaigheann faighteoirí deiridh le tionscadail bhonneagair, digitiú agus soghluaisteacht, ach baineann na bearta is minice a dtacaítear leo le hinfheistíochtaí lena gcothaítear éifeachtúlacht fuinnimh.** Ar an iomlán, baineann na *suimeanna cistiúcháin is mó* a fuair faighteoirí deiridh chun bearta pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme le hinfheistíochtaí i mbonneagar críochach agus i seirbhísí críochacha, i ríomhsheirbhísí rialtais agus i seirbhísí poiblí digiteacha, agus i soghluaisteacht inbhuanaithe. Is iondúil go léiríonn bearta den sórt sin tionscadail atá mór, níos costasaí agus a thógann níos mó ama chun iad a chur chun feidhme. Ar an taobh eile, *is minice* a fuair an 100 faighteoir deiridh is mó cistiú chun bearta a thacaíonn le héifeachtúlacht fuinnimh a chur chun feidhme. Réimsí beartais eile inar minice a fuair faighteoirí deiridh cistiú is ea sa bhonneagar críochach agus i seirbhísí críochacha, i ríomhsheirbhísí rialtais agus i seirbhísí poiblí digiteacha, san oideachas ginearálta, sa ghairmoideachas agus san ardoideachas, agus i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht.

*Fíor 7: Ranníocaíocht na méideanna a fuarthas agus na mbeart gaolmhar a bhfaigheann na 100 faighteoir deiridh is mó tacaíocht ina leith i dtreo na sé cholún beartais*[27]




Foinse: Ríomh an Choimisiúin Eorpaigh féin bunaithe ar shonraí na bhfaighteoirí deiridh arna soláthar ag na Ballstáit

## D. Rialuithe agus iniúchadh i gcur chun feidhme STA

**Tá dhá shraith i gcreat rialaithe STA an Choimisiúin: rialuithe chun dearbhú a thabhairt maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht eisíocaíochtaí an Choimisiúin leis na Ballstáit, agus rialuithe chun cosaint leordhóthanach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú.** Maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart, déantar rialuithe *ex-ante* críochnúla sula ndéantar aon eisíocaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil gach cloiche míle agus gach sprice a áirítear san iarratas ar íocaíocht. Tar éis na heisíocaíochta, déanann an Coimisiún iniúchtaí *ex post* rioscabhunaithe ar chlocha míle agus spriocanna chun dearbhú breise a fháil go raibh an fhaisnéis a chuir an Ballstát ar fáil ceart. Ina theannta sin, chun a áirithiú go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais, tá measúnú *ex ante* déanta ag an gCoimisiún ar gach córas rialaithe náisiúnta, agus, i gcás inar gá, tá

[27] Tá na fíoracha sin bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin a forbraíodh don Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, trína luaitear gach beart sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta le réimse beartais príomhúil agus tánaisteach lena léiriú gur féidir le bearta cur le níos mó ná cuspóir beartais amháin. Is iad seo a leanas na sé cholún beartais: an t-aistriú glas; an t-aistriú digiteach; fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach; comhtháthú sóisialta agus críochach; sláinte, agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach; beartais don chéad ghlúin eile.

clocha míle tugtha isteach aige maidir leis na córais rialaithe nach mór a chomhlíonadh sula ndéanfar aon íocaíocht amach anseo. Déantar iniúchtaí córas rioscabhunaithe chun seiceáil a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sna Ballstáit chun calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, chomh maith le cistiú dúbailte, agus déantar iniúchtaí comhlíontachta breise chun iontaofacht na hoibre iniúchóireachta a dhéanann na húdaráis iniúchóireachta náisiúnta a fhíorú.

### *Lean an Coimisiún de leasanna airgeadais an Aontais a chosaint*

**Ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024, rinne an Coimisiún 17 n-iniúchadh *ex-post* ar chlocha míle agus spriocanna[28].** Tá rogha na gcloch míle agus na spriocanna bunaithe ar mheasúnú riosca ina gcuirtear tosca éagsúla san áireamh. Bunaithe ar an measúnú riosca sin[29], rinne an Coimisiún iniúchadh ar 82 cheann de na 748 gcloch mhíle agus sprioc san iomlán a áiríodh in iarratais ar íocaíocht a eisíocadh in 2023. Chun a shampla iniúchóireachta a chinneadh, bhreithnigh an Coimisiún freisin an cás ina ndearna an Coimisiún iniúchadh cheana féin ar chloch mhíle nó ar sprioc le haghaidh an bhirt chéanna sa bhliain roimhe sin agus/nó ina ndearna na hÚdaráis Iniúchóireachta náisiúnta iniúchadh ar cheann acu cheana féin agus dearbhú réasúnta á thabhairt acu don Choimisiún. Faoin 31 Lúnasa 2024, rinne an Coimisiún iniúchadh freisin ar 10 gcloch mhíle agus sprioc a áiríodh in iarratais ar íocaíocht a eisíocadh in 2024. Níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise nár comhlíonadh go sásúil na clocha míle ná na spriocanna a ndearnadh iniúchadh orthu. D’fhan aon neamhréireachtaí eile a sainaithníodh idir na sonraí a dearbhaíodh agus na sonraí a ndearnadh iniúchadh orthu laistigh den chorrlach 5 % a bhreithnigh an Coimisiún dá mheasúnú.

**Ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024, rinne an Coimisiún ceithre iniúchadh córais ar Chosaint Leasanna Airgeadais an Aontais[30].** Chumhdaigh na ceithre iniúchadh trí chomhlacht comhordúcháin agus 11 chomhlacht cur chun feidhme, amhail aireachtaí, nó gníomhaireachtaí, a roghnaíodh bunaithe ar chreat measúnaithe riosca. Faoi dheireadh 2023, rinneadh iniúchadh uair amháin ar a laghad ar chóras rialaithe gach Ballstáit. I gcomhthéacs na n-iniúchtaí córais sin agus obair iniúchóireachta eile, rinne an Coimisiún seiceálacha freisin ar chomhlíonadh nósanna imeachta státchabhrach agus soláthair phoiblí, lenar cumhdaíodh na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa i nósanna imeachta soláthair phoiblí a chosc, agus cur chun feidhme iarbhír na nósanna imeachta sin maidir le bearta sampláilte.

**Bunaithe ar an obair iniúchóireachta reatha, shainaithin an Coimisiún léargas dearfach foriomlán, cé go bhféadfaí feabhas a chur air, maidir le cur chun feidhme na gcóras rialaithe inmheánaigh ar fud na mBallstát.** Sainaithníodh dea-chleachtais

[28] Baineann na hiniúchtaí sin le hiarratais ar íocaíocht a chuir an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic isteach.

[29] Tá an measúnú riosca bunaithe ar roinnt critéar, amhail cineál agus líon na n-údarás cur chun feidhme, cineál agus líon na bhfaighteoirí deiridh, an chlibeáil a chuirtear i bhfeidhm, agus castacht an tsásra fíorúcháin.

[30] Rinneadh iniúchtaí córais sa Bheilg, sa Liotuáin, san Ísiltír agus sa tSlóvaic.

do chuid de na comhlachtaí cur chun feidhme a ndearnadh iniúchadh orthu, amhail nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun calaois, éilliú, coinbhleacht leasa, agus cistiú dúbailte a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath, go háirithe trí úsáid a bhaint as uirlisí mianadóireachta sonraí amhail ARACHNE[31]. Chuir an Coimisiún raon ábhar imní sonrach in iúl freisin, áfach, nár bhain go minic leis an gcóras náisiúnta ar an iomlán ach le comhlachtaí aonair laistigh de Bhallstát amháin, amhail easpa comhordaithe agus maoirseachta, saincheisteanna maidir le bailiú sonraí, straitéisí frithchalaoise neamhiomlána agus measúnuithe riosca calaoise, agus bhí gá le feabhsuithe maidir leis na rialuithe ex ante. Tá tús curtha ag na Ballstáit leis na feabhsuithe riachtanacha a eascraíonn as na torthaí iniúchóireachta sin a chur chun feidhme agus tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chur chun feidhme na moltaí.

*Tá STA fós faoi ghrinnscrúdú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa*

**Sa bhreis ar na hiniúchtaí a dhéanann an Coimisiún féin, déanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ('CIE') grinnscrúdú ar STA trí iniúchtaí ar gach íocaíocht aonair chomh maith le go leor iniúchtaí feidhmíochta ar leagan amach STA nó ar réimsí téamacha sonracha.** Go dtí seo, rinne CIE iniúchadh ar gach íocaíocht STA a rinneadh leis na Ballstáit. Ina theannta sin, tugadh trí iniúchadh feidhmíochta atá tiomnaithe go sonrach do STA chun críche amhail ón 31 Lúnasa 2024, eadhon ar mheasúnú an Choimisiúin ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta, ar dhearadh chóras rialaithe an Choimisiúin do STA, agus ar an gcreat a chuir an Coimisiún i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht STA. Tá ocht n-iniúchadh eile[32] de chuid CIE atá dírithe ar STA ar feitheamh lena bhfoilsiú nó tá coinne leis go dtabharfar chun críche iad faoi dheireadh 2024 agus tá tús á chur le cúig iniúchadh eile nó tá coinne leis go gcuirfear tús leo faoi dheireadh 2024, amhail iniúchadh tiomnaithe ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe agus ar a gcaibidlí REPowerEU. Ina theannta sin, déantar ábhair a bhaineann le STA a mheas freisin in Athbhreithnithe CIE agus i dtuarascálacha speisialta téamacha ar réimsí beartais sonracha nó ar chláir eile, amhail in iniúchadh a rinneadh le déanaí ar chreat smachta reachta an Aontais[33].

**Mar a tharla i mblianta roimhe seo, rinne CIE iniúchadh ar gach íocaíocht STA a rinneadh sa bhliain airgeadais 2023, i.e. 23 íocaíocht STA a rinneadh le 17 mBallstát.** Bhreathnaigh CIE go sonrach freisin ar na hiniúchtaí *ex post* a rinne AS ECFIN

---

[31] Is uirlis TF é ARACHNE le haghaidh mianadóireacht sonraí agus saibhriú sonraí a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach. Cuidíonn ARACHNE leis na tionscadail a shainaithint a bhaineann leas as roinnt cistí de chuid an Aontais i gcás ina bhféadfadh riosca cistithe dhúbailte a bheith ann. Taispeántar ann tairbhithe, conraitheoirí, fochonraitheoirí, comhpháirtithe agus comhaltaí cuibhreannais a bhfuil baint acu le tionscadail iomadúla gan beann ar an ról atá acu sna tionscadail éagsúla.

[32] Cumhdaítear leo, inter alia, gnéithe an aistrithe ghlais agus an chlaochlaithe dhigitigh de STA, ionsú chistí STA, an margadh saothair agus, ar leithligh, athchóirithe ar an timpeallacht ghnó a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, córais rialaithe na mBallstát, agus cosc ar chistiú dúbailte idir STA, an Beartas Comhtháthaithe agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Féadfaidh iniúchtaí agus athbhreithnithe feidhmíochta eile baint a bheith acu freisin le bearta a fhaigheann tacaíocht ó STA nó ón bplean téarnaimh agus athléimneachta. Comhlánaítear tuarascálacha speisialta uile CIE le freagraí oifigiúla ón gCoimisiún, atá poiblí agus ar fáil ar shuíomh gréasáin CIE.

[33] Féach Tuarascáil Speisialta CIE 03/2024: An smacht reachta san Aontas Eorpach – Creat feabhsaithe chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ach tá rioscaí fós ann

agus ar na clocha míle iniúchóireachta agus rialaithe a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Tagann an obair iniúchóireachta sin sa bhreis ar iniúchtaí náisiúnta réamhthíolactha agus iarthíolactha ar na sonraí a áirítear in iarratais ar íocaíochtaí agus in iniúchtaí an Choimisiúin féin. Ina tuarascáil bhliantúil don bhliain airgeadais 2023, sainaithníonn CIE torthaí a bhfuil tionchar airgeadais acu i ndáil le sé íocaíocht neamh-inaisíoctha a rinneadh in 2023 leis na Ballstáit. Tar éis dó torthaí CIE a scrúdú go cúramach, measann an Coimisiún go bhfuil a mheasúnuithe bunaidh ar 'chomhlíonadh sásúil' ceart. Tugann sé dá aire ina fhreagraí go bhfuil conclúidí CIE bunaithe go príomha ar dhifríochtaí i léirmhíniú an Choimisiúin agus CIE ar na ceanglais dhlíthiúla, nó ar dhifríochtaí sa bhreithiúnas cáilíochtúil ar chásanna sonracha nó ar choincheapa dlíthiúla níos leithne STA. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Coimisiún dhá dhoiciméad mhíniúcháin ar fáil san iarscríbhinn a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil seo. Mínítear in Iarscríbhinn II léirmhíniú an Choimisiúin ar incháilitheacht beart i bhfianaise an dáta tosaigh 'chúlghabhálaigh' dá bhforáiltear ag na comhreachtóirí in Airteagal 17(2) de Rialachán STA. Mínítear in Iarscríbhinn III cur i bhfeidhm an chlásail incháilitheachta ag an gCoimisiún a bhaineann le 'caiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach' a ionadú.

**Déanann an Coimisiún obair leantach go pras ar mholtaí CIE.** Go dtí seo, tá 28 moladh a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta faighte ag an gCoimisiún ó thuarascálacha bliantúla nó speisialta CIE[34]. Níor dhiúltaigh an Coimisiún ach do thrí cinn díobh ina n-iomláine, mar thug an Coimisiún dá aire nach bhféadfaí na moltaí a chur chun feidhme i gcomhréir le bunús dlí agus cuspóirí Rialachán STA. As na 25 mholadh eile a fuarthas maidir le STA, measann an Coimisiún gur cuireadh 24 mholadh chun feidhme, iad ar fad in am trátha, rud a fhágann nach bhfuil ach ceann amháin fós le cur chun feidhme faoi dheireadh 2024. Mar shampla, tar éis mholadh CIE, d'fhoilsigh an Coimisiún modheolaíochtaí maidir le láimhseáil aisiompaithe cloch míle nó spriocanna, d'fhoilsigh sé modheolaíocht le haghaidh fionraíochtaí páirteacha nó iomlána, chuir sé feabhas ar choimeád taifead agus doiciméadacht maidir lena mheasúnuithe ar iarratais ar íocaíocht, d'eagraigh sé malartuithe dea-chleachtais i measc na mBallstát, agus rinne sé athbhreithniú ar chlocha míle agus spriocanna a bhí á n-athbhreithniú chun soiléireacht na gceanglas a áirithiú.

**Agus é ag baint tairbhe as na torthaí agus na moltaí ó iniúchtaí éagsúla[35], tá cur chuige dinimiciúil glactha ag an gCoimisiún maidir le hiniúchóireacht agus rialú agus tá athbhreithniú agus neartú breise déanta aige ar a chreat iniúchóireachta agus rialaithe do STA.** Mar shampla, soláthraítear sa Treoraíocht nuashonraithe maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta[36], a glacadh an 19 Iúil 2024, treoraíocht bhreise

---

[34] Féach Tuarascáil Speisialta CIE 21/2022: Measúnú an Choimisiúin ar phleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta; Tuarascáil Speisialta CIE 07/2023:Dearadh chóras rialaithe an Choimisiúin don STA; Tuarascáil Speisialta CIE 26/2023:Creat faireacháin feidhmíochta don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; Tuarascáil Bhliantúil CIE maidir leis an mbliain airgeadais 2021 agus Tuarascáil Bhliantúil CIE maidir leis an mbliain airgeadais 2022.

[35] Áirítear ar na hiniúchóirí sin Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, agus Parlaimint na hEorpa.

[36] Féach Fógra ón gCoimisiún – Treoraíocht maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta (C/2024/4618).

chun leordhóthanacht leanúnach na rialuithe a áirithiú chun aon riosca cistithe dhúbailte a shainaithint agus a sheachaint, agus sineirgí maidir le húsáid chistí an Aontais á n-éascú ag an am céanna. Chun tuilleadh trédhearcachta agus soiléireachta a sholáthar, déantar achoimre in Iarscríbhinn IV den tuarascáil seo ar an gcaoi a léirmhíníonn an Coimisiún coincheap an chistithe dhúbailte dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Rialachán STA, lena mbeartaítear breisíocht chistiúcháin agus lena gceadaítear tacaíocht STA a chumasc le cláir eile de chuid an Aontais ag an am céanna. Mar chuid den treoraíocht nuashonraithe, d'fhoilsigh an Coimisiún creat le haghaidh laghduithe agus aisghabhálacha freisin, lena gcumhdaítear na forais uile le haghaidh laghduithe agus aisghabhálacha faoi Rialachán STA[37]. Thairis sin, lean an Coimisiún dá chreat rialaithe a neartú. Le bliain anuas, rinne sé athbhreithniú ar straitéisí rialaithe agus iniúchóireachta STA chun rialuithe ex ante a threisiú, chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le cur chun feidhme STA a chumhdach ar bhealach níos fearr agus chun léiriú a thabhairt ar a rialuithe treisithe ar éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh na mBallstát chun comhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta a áirithiú, chun comhar idir Ard-Stiúrthóireachtaí maidir le cúrsaí iniúchóireachta a neartú, agus chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haisiompuithe a chumhdach go sainráite ina chuid oibre.

## E. Cumarsáid agus idirphlé in 2023-2024

*Leanann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus na Ballstáit de bheith rannpháirteach go leanúnach i gcur chun feidhme STA*

**Tá an Coimisiún i ndlúthchaidreamh le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle ó thús chur chun feidhme STA.** Leanann an Coimisiún de na pleananna téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe uile a chuir na Ballstáit isteach, chomh maith leis na réamh-mheasúnuithe uile ar iarratais ar íocaíocht, a roinnt gan mhoill le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle araon ar théarmaí comhionanna. Áirithítear leis sin sreabhadh trédhearcach faisnéise ina bhfuil leibhéal ard rannpháirtíochta idir na hinstitiúidí le linn chéim an cur chun feidhme. Maidir le Parlaimint na hEorpa, tá plé rialta á dhéanamh ag an gCoimisiún léi chun ábhair chothrománacha a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a phlé.

**Ó cruthaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, iarradh ar an gCoimisiún 16 Idirphlé Ardleibhéil Téarnaimh agus Athléimneachta[38] a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa agus ghlac sé páirt iontu.** Thairis sin, téann an Coimisiún i dteagmháil go rialta le Feisirí Pharlaimint na hEorpa i mBuanmheitheal Chomhchoistí ECON-BUDG agus ghlac sé páirt i 35 chruinniú ar an iomlán. Ina theannta sin, tugtar cuireadh don

[37] Foráiltear le creat dlíthiúil STA do thrí fhoras ar leith faoina bhféadfaidh an Coimisiún páirt a ghlacadh i laghduithe agus aisghabhálacha: (1) cásanna calaoise, éillithe agus coinbhleachta leasa a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais; (2) cásanna ina ndearnadh sárú tromchúiseach ar oibleagáid de chuid an Chomhaontaithe Maoiniúcháin nó an Chomhaontaithe Iasachta; (3) cásanna ina bhfaighfear amach go bhfuil an fhaisnéis agus an t-údar is bonn le hiarratas ar íocaíocht mícheart.

[38] Tionóladh an 16ú hIdirphlé Téarnaimh agus Athléimneachta an 16 Meán Fómhair 2024, i.e. tar éis scoithdháta na tuarascála bliantúla sin.

Choimisiún ar bhonn rialta páirt a ghlacadh i gcoistí éagsúla eile chun tuairimí a mhalartú maidir le hábhair a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear coistí REGI, CONT agus ENVI. Leanann an Coimisiún de gach cur i láthair a thugtar i gcomhthéacs na Buanmheithle a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin tiomnaithe[39] agus tá sé ag tnúth le bheith ag obair le Parlaimint na hEorpa nuathofa.

**Choinnigh an Coimisiún a shainghrúpa neamhfhoirmiúil ar bun freisin chun malartú a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme STA agus is minic a eagraíonn sé malartuithe tuairimí agus dea-chleachtas.** Is fóram tábhachtach é an grúpa sin chun plé a dhéanamh i measc shaineolaithe na mBallstát agus an Choimisiúin ar ghnéithe trasearnálacha maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Foilsíonn an Coimisiún na doiciméid ábhartha uile, amhail cláir oibre, miontuairiscí, agus doiciméid eile, ar shuíomh gréasáin tiomnaithe[40]. Go dtí seo, d'eagraigh an Coimisiún 28 gcruinniú de ghrúpa saineolaithe neamhfhoirmiúil STA, lena n-áirítear dhá cheardlann 'mheaitseála' phearsanta ar an láthair a eagraíodh sa Bhruiséil inar tháinig na Ballstáit le chéile chun a dtaithí a roinnt agus dúshláin choiteanna a phlé. Eagraíodh an chéad cheardlann an 28 Samhain 2023 agus cumhdaíodh rialachas agus acmhainneacht riaracháin léi. Eagraíodh an dara ceardlann an 4 Iúil 2024 agus díríodh go sonrach ar chur i bhfeidhm an phrionsabail 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' ag na Ballstáit.

### *D'fhéadfaí infheictheacht an Aontais i gcur chun feidhme pleananna téarnaimh agus athléimneachta a fheabhsú a thuilleadh*

**Maidir le cistí eile de chuid an Aontais, tá oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go n-admhóidh faighteoirí mhaoiniú an Aontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta bunús an mhaoiniúcháin agus go n-áiritheoidh siad infheictheacht an mhaoiniúcháin.** In ainneoin na n-oibleagáidí cumarsáide agus infheictheachta sin, léirítear le suirbhé Eorabharaiméadair 2022[41], cé go bhfuil eolas maith i measc shaoránaigh an Aontais go bhfuil na pleananna téarnaimh agus athléimneachta ann dá dtíortha (le difríochtaí ar fud na mBallstát), nó dóthain feasachta ann go bhfuil na pleananna téarnaimh agus athléimneachta á maoiniú (go hiomlán nó go páirteach) ag an Aontas. Léirítear leis sin gur gá do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí. An tráth céanna, measann níos mó ná leath de mhuintir na hEorpa (55 %, +2 phointe céatadáin ó fhómhar 2023) gur féidir le NextGenerationEU a bheith éifeachtach chun freagairt do na dúshláin eacnamaíocha atá ann faoi láthair[42].

**Sa chomhthéacs sin, d'eagraigh an Coimisiún Eorpach dhá imeacht sa Bhruiséil le linn 2024 chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ag STA go dtí seo**

---

[39] Faisnéis a chuirtear ar fáil do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle maidir leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta.

[40] Clár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus an Choimisiúin um Eintitis Chosúla Eile, Sainghrúpa neamhfhoirmiúil maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (E03772).

[41] Flais-Eorabharaiméadar 515: Plean Téarnaimh an Aontais 'NextGenerationEU'

[42] Eorabharaiméadar Caighdeánach 101 — Earrach 2024 — Bealtaine 2024 — Suirbhé Eorabharaiméadair (europa.eu)

**agus chun borradh a chur faoin gcumarsáid ina leith.** Ar an gcéad dul síos, an 9 Aibreán 2024, d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh imeacht chun foilsiú na meastóireachta meán-téarma ar STA a cheiliúradh. Deis a bhí san imeacht freisin breathnú chun cinn ar na dúshláin atá fós ann agus conas a áirithiú go mbainfidh STA a chuspóirí amach sna trí bliana atá fágtha. An 12 Aibreán 2024, le linn Sheachtain Eorpach na hÓige a eagraítear gach dhá bhliain chun rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn, tionóladh seisiún maidir le tionchar dearfach STA ar dhaoine óga. Díríodh sa seisiún ar eispéireas ochtar rannpháirtithe óga ó gach cearn den Aontas a bhain tairbhe as bearta STA ar bhealaí éagsúla.













**Tá comhlíonadh na gceanglas cumarsáide ina chuid chórasach freisin de na hiniúchtaí *ex-post* ar chlocha míle agus ar spriocanna a dhéanann an Coimisiún.** Sa

chomhthéacs sin, leanann an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na straitéisí cumarsáide a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Tá ocht mBallstát rannpháirteach faoi láthair i dtionscadal iltíre um Ionstraimí Tacaíochta Teicniúla[43] maidir le hacmhainneachtaí a fhorbairt chun tairbhí na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur in iúl go héifeachtach.

*Tugann an léarscáil idirghníomhach forléargas amhairc ar thionscadail a fhaigheann tacaíocht ó STA*

Agus é mar aidhm aige infheictheacht agus trédhearcacht STA a mhéadú tuilleadh, **déanann an Coimisiún nuashonrú rialta ar léarscáil idirghníomhach na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** i ngach Ballstát[44].


Seoladh an léarscáil i mí an Mhárta 2023 agus tugtar forléargas inti ar athchóirithe agus infheistíochtaí roghnaithe, tugtar aird inti ar a suíomh geografach agus cuirtear faisnéis ar fáil inti maidir le staid na himeartha. Áirítear ann freisin naisc chuig acmhainní ar líne lena soláthraítear faisnéis níos mionsonraithe, amhail suíomhanna gréasáin náisiúnta STA agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, suíomhanna gréasáin na dtionscadal sonrach arna gcistiú ag STA.

Go dtí seo, **cuireadh breis agus 1 800 tionscadal ar fud na mBallstát uile leis an léarscáil.**

[43] Is í an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil an clár de chuid an Aontais lena gcuirtear saineolas teicniúil saincheaptha ar fáil do Bhallstáit an Aontais chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach https://commission.europa.eu/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/technical-support-instrument/technical-support-instrument-tsi_en.

[44] Féach https://commission.europa.eu/business-economy-euro/economic-recovery/recovery-and-resilience-facility_en#map.

*Fíor 8: Léarscáil de thionscadail a bhfaightear tacaíocht ina leith ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta*




**Foinse:** Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

### *Leanann na Ballstáit d'imeachtaí bliantúla STA a reáchtáil*

Tugann imeachtaí bliantúla ionadaithe na n-údarás náisiúnta agus an Choimisiúin, páirtithe leasmhara (lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe na sochaí sibhialta) agus faighteoirí tacaíochta STA, i measc nithe eile, le chéile chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na dtionscadal éagsúil atá molta ag na Ballstáit ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta.

**Faoi mhí Lúnasa 2024, bhí 33 imeacht bhliantúla ar siúl i 24 Bhallstát.** Le linn na tréimhse tuairiscithe (an 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024), reáchtáladh 14 imeacht bhliantúla. Cuireann an comhar seanbhunaithe idir Oifigigh an tSeimeastair Eorpaigh in Ionadaíochtaí an Choimisiúin agus sna riaracháin náisiúnta le rath na n-imeachtaí sin. Cuireann siad deiseanna den scoth ar fáil chun an lucht féachana a leathnú níos faide ná páirtithe leasmhara rialta STA agus for-rochtain i bhfad níos leithne a chur ar fáil.

**Sampla d'imeacht bliantúil STA**

An 14 Márta 2024, tugadh le chéile leis an Imeacht Bliantúil maidir le plean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó rialtas na Spáinne, ó údaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus ó chomhpháirtithe éagsúla amhail tairbhithe tionscadail, an saol acadúil, eagraíochtaí sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Bhí trí phainéal théamacha san imeacht a rinne iniúchadh ar iarrachtaí na Spáinne dlús a chur leis an aistriú glas, feabhas a chur ar an iomaíochas, agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe a chur chun feidhme.




*Tugann an Coimisiún faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide ábhartha breise*

**Ina theannta sin, is príomhthasc cumarsáide de chuid Ionadaíochtaí uile an Choimisiúin Eorpaigh sna Ballstáit é cumarsáid a dhéanamh maidir le tairbhí na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.** Cé is moite de na himeachtaí bliantúla, déantar go leor gníomhaíochtaí for-rochtana eile i ndlúthchomhar le hOifigigh an tSeimeastair Eorpaigh agus le foirne eile laistigh de na hIonadaíochtaí. Reáchtáladh ceithre fheachtas phíolótacha logánta san Ostair, sa Chróit, sa tSeicia agus sa tSlóivéin, agus beidh Ballstáit eile ann ina dhiaidh sin.

**Tá cumarsáid fhorleathan á déanamh ag an gCoimisiún freisin leis an bpreas maidir le cur chun feidhme STA, ó bunaíodh STA.** Téann an Coimisiún i dteagmháil go rialta le comhfhreagraithe náisiúnta agus le hiriseoirí speisialaithe chun a áirithiú go mbeidh cumhdach leathan agus tuiscint leathan ag an bpobal i gcoitinne ar na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le STA agus lena cur chun feidhme ar an láthair, agus eisíonn sé breis agus 200 preaseisiúint agus ábhar preasa agus eagraíonn sé go leor preasagallamh agus seisiún faisnéise teicniúil sa Bhruiséil agus sna Ballstáit araon, le tacaíocht ó Ionadaíochtaí an Choimisiúin.

## F. Príomhthorthaí ón meastóireacht mheántéarma ar STA

*Léiríodh sa mheastóireacht mheántéarma uirthi gur thacaigh STA leis an téarnamh agus gur tugadh isteach léi nuálaíocht i gcaiteachas an Aontais*

**Foilsíodh an mheastóireacht mheán-téarma ar STA an 21 Feabhra 2024, i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán STA, agus déantar measúnú inti ar an gcaoi a bhfuil STA ag baint amach a chuspóirí, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil ag an am.** Aithnítear sa mheastóireacht go bhfuil sé róluath measúnú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch iomlán na hionstraime. Féachtar inti ar an méid ar éirigh go maith leis agus ar an méid a d'fhéadfaí a fheabhsú agus sainaithnítear inti na príomhcheachtanna a foghlaimíodh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhonn eolais do mhachnamh a dhéanamh ar ionstraimí cistiúcháin feidhmíochtbhunaithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Áireofar measúnú níos cuimsithí ar thionchar na Saoráide sa mheastóireacht ex post ar STA, a fhoilseofar in 2028.

**Cumhdaítear sa mheastóireacht mheán-téarma na ceanglais mheastóireachta a leagtar amach in Airteagal 32(2) de Rialachán STA agus na cúig chritéar meastóireachta a leagtar amach i dTreoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil Níos Fearr agus sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[45].** Áirítear sa raon feidhme dearadh na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus cur chun feidhme na Saoráide i ngach Ballstát go dtí an 1 Feabhra 2024. Bhain an measúnú tairbhe as tuarascáil sheachtrach neamhspleách a d'ullmhaigh cuibhreannas taighdeoirí[46], inar soláthraíodh measúnú oibiachtúil ar dhul chun cinn. Rinneadh é sin a fhorlíonadh le sonraí atá i seilbh an Choimisiúin Eorpaigh agus atá ar fáil ar an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta[47], le tuarascálacha oifigiúla ó na Ballstáit agus ó institiúidí eile de chuid an Aontais, chomh maith le haiseolas ó pháirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla.

**Léirítear sa mheastóireacht mheán-téarma gur réitigh STA an bealach do théarnamh eacnamaíoch an Aontais tar éis na paindéime.** Rannchuidigh fógra STA le raonta difríochta bannaí ceannasacha a chúngú, agus coinníodh infheistíocht phoiblí ar bun i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, ag méadú ó 3.0 % in 2019 go 3.5 % in 2023. Baineann thart ar leath den mhéadú a bhfuiltear ag súil leis ar infheistíocht phoiblí idir 2019 agus 2025 le hinfheistíocht arna maoiniú ag buiséad an Aontais, go háirithe ó STA. Tugtar le fios le samhaltú ón gCoimisiún go bhféadfadh NextGenerationEU fíor-OTI an Aontais a mhéadú suas le 1,4 % in 2026 i gcomparáid le cás gan NextGenerationEU[48]. Tugtar le fios freisin sna

---

[45] *Treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil Níos Fearr* (2021), le fáil ag: https://commission.europa.eu/system/files/2021-11/swd2021_305_en.pdf.

[46] Is éard atá sa chuibhreannas an Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa (CEPS, ECORYS, NIESR, CSIL agus Wavestone.

[47] https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html

[48] Braitheann torthaí na n-ionsamhlúchán ar na toimhdí a dhéantar maidir le táirgiúlacht agus breisíocht na dtionscadal infheistíochta maoinithe; mar sin féin, ní chuirtear san áireamh iontu tionchar na n-athchóirithe, a d'fhéadfadh fás na hEorpa a mhéadú tuilleadh san fhadtéarma.

samhlacha ionsamhlúcháin go dtiocfaidh méadú suntasach gearrthréimhseach ar fhostaíocht san Aontas (suas le 0.8 %).

**Léirítear sa mheastóireacht mheán-téarma go bhfuil ról lárnach ag STA maidir le tacú le hathchóirithe struchtúracha agus le tosaíochtaí beartais coiteanna an Aontais.** Le hathchóirithe struchtúracha agus infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó STA, cothaíodh dul chun cinn maidir le tosaíochtaí beartais coiteanna, go háirithe maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus maidir leis an gcóineasú socheacnamaíoch. Cé go bhfuil sé róluath measúnú a dhéanamh ar thionchar iomlán na Saoráide, áirítear sa mheastóireacht samplaí suntasacha d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó STA. Áirítear ar na samplaí feabhsuithe ar fheidhmiú riarachán poiblí agus ar éifeachtacht na gcóras breithiúnach, ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar sheirbhísí poiblí digiteacha, ar iompar inbhuanaithe, ar oideachas agus oiliúint, ar thaighde agus nuálaíocht, ar chosaint shóisialta, agus ar rochtain ar an margadh saothair.

**Leagadh béim i meastóireacht mheán-téarma STA ar bhreisluach an chur chuige feidhmíochtbhunaithe agus ar thacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun athchóirithe struchtúracha a dhreasú.** Tugtar faoi deara sa mheastóireacht go bhfuil cur chuige feidhmíochtbhunaithe STA ríthábhachtach chun éifeachtacht na Saoráide a fheabhsú: déantar eisíocaíochtaí go tapa nuair a chuirtear aschuir nithiúla i gcrích (i.e. clocha míle agus spriocanna). Trí athchóirithe agus infheistíochtaí a chomhcheangal in aon ionstraim chistiúcháin amháin, cruthaítear sineirgí eatarthu, agus tacaíonn comhtháthú clár oibre athchóirithe agus infheistíochta in aon phlean téarnaimh agus athléimneachta amháin le comhleanúnachas inmheánach na bpleananna. Ar an rath is suntasaí a bhaineann le STA is ea a cumas cruthaithe chun cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha a dhreasú, lena n-áirítear athchóirithe a mholtar i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Sa dá bhliain roimh STA, níor tháinig ach méadú de sé phointe céatadáin, ó 53 % in 2018 go 59 % in 2020, ar sciar CSRanna 2016-2017 a bhain amach 'méid áirithe dul chun cinn' ar a laghad. I gcomparáid leis sin, tháinig méadú 17 bpointe céatadáin ar sciar CSRanna 2019-2020 a bhain amach 'méid áirithe dul chun cinn' ar a laghad, ó 52 % in 2021 sular cuireadh STA chun feidhme, go beagnach 69 % in 2023.

> *Áirítear sa mheastóireacht breithnithe úsáideacha le haghaidh ionstraimí feidhmíochtbhunaithe a bheidh ann amach anseo*

**Chruthaigh STA costais iontrála do riaracháin na mBallstát, agus bhí deis ann tuilleadh simplithe a dhéanamh.** Maidir le dearadh na hionstraime, sa mheastóireacht mheántéarma, tagraíonn na Ballstáit do na hoibleagáidí comhcheangailte atá nasctha (i) leis an bhfianaise is gá chun comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna a chruthú, (ii) leis na ceanglais tuairiscithe éilitheacha, mar shampla na táscairí coiteanna agus na sonraí débhliantúla; agus (iii) an creat iniúchóireachta agus rialaithe. Meastar go bhfuil an creat iniúchóireachta agus rialaithe atá cumhdaithe i Rialachán STA casta, go háirithe i bhfianaise an fhorluí a mheastar a bheith ann idir rialuithe agus iniúchtaí arna ndéanamh ag údaráis

náisiúnta, ag an gCoimisiún agus ag CIE. Feictear do na Ballstáit go bhféadfaí nósanna imeachta rialaithe agus iniúchóireachta a shimpliú, lena n-áiritheofaí comhordú níos fearr i measc na ngníomhaithe lena mbaineann agus lena seachnófaí ilseiceálacha. Ar deireadh, tharraing roinnt údaráis náisiúnta aird freisin ar dholúbthacht i measúnú an Choimisiúin ar chlocha míle agus spriocanna agus ar na nósanna imeachta dochta agus dian ar acmhainní chun pleananna téarnaimh agus athléimneachta a athbhreithniú.

**Tá acmhainneacht riaracháin na mBallstát ríthábhachtach chun a gcuid pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil.** Níor neartaigh go leor Ballstát an acmhainneacht riaracháin go leordhóthanach, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, mar a chuir Coiste na Réigiún in iúl mar shampla. Chuir sé sin bac ar chumas na mBallstát a bpleananna a chur chun feidhme. Thairis sin, tá comhdhearcadh polaitiúil ríthábhachtach maidir le príomh-athchóirithe a chur chun feidhme, mar shampla athchóirithe atá nasctha le moltaí tírshonracha nó le clocha míle iniúchóireachta agus rialaithe. Tarlaíonn na príomh-mhoilleanna ar chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta nuair atá acmhainneacht riaracháin na mBallstát teoranta agus/nó nuair nach raibh na Ballstáit (go fóill) in ann clocha míle ríthábhachtacha um athchóiriú a chomhlíonadh.

**Tá rannpháirtíocht na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, na gcomhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ina príomhthoisc i bpleanáil agus i gcur chun feidhme bhearta PTA.** Cé go gceanglaítear le Rialachán STA ar na Ballstáit faisnéis a áireamh maidir leis na comhairliúcháin a rinneadh agus a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta á ndréachtú acu, braitheann leibhéal agus cineál rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara sin ar chreataí dlíthiúla náisiúnta agus is féidir leo a bheith an-éagsúil ó Bhallstát go chéile. I dteannta na n-údarás náisiúnta, a ghlacann an príomhról comhordúcháin agus maoirseachta chucu féin, tá ról ríthábhachtach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, chomh maith leis na comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí eile. Sa mheastóireacht mheán-téarma, léirigh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta nach raibh na Ballstáit rannpháirteach go leordhóthanach in ullmhú agus i gcur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Cé go bhféadfaí é sin a mhíniú go páirteach i ngeall ar an ngá atá le luas i ndearadh PTAnna i gcomhthéacs géarchéime, tá sé ríthábhachtach, amach anseo, go mbeidh dlúth-rannpháirtíocht uathu ag tacú le húinéireacht agus cur chun feidhme ar an láthair.

**Mar fhreagairt ar na léargais ó mheastóireacht mheán-téarma STA, ghlac an Chomhairle Conclúid agus nuashonraigh an Coimisiún a threoraíocht.** An 12 Aibreán 2024, ghlac ECOFIN Conclúidí ón gComhairle maidir le meastóireacht mheán-téarma STA[49], inar tugadh chun solais an t-ualach riaracháin níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a bhaineann le cur chun feidhme STA, don Choimisiún agus do na Ballstáit araon. D’iarr an

[49] Le fáil ag: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-8868-2024-INIT/ga/pdf.

Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bealaí a shainaithint chun cur chun feidhme pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chuíchóiriú agus feabhas a chur orthu, agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais á háirithiú an tráth céanna. Den mheon sin, scrúdaigh an Coimisiún bealaí chun cur chun feidhme STA a shimpliú laistigh de chreat na reachtaíochta reatha. An 19 Iúil 2024, ghlac an Coimisiún a threoraíocht nuashonraithe maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta[50], lena dtugtar isteach roinnt gnéithe simplithe maidir le cur chun feidhme STA. Go háirithe, déantar an méid seo a leanas leis an Treoraíocht nuashonraithe:

- soláthraítear tuilleadh soiléireachta maidir leis an bhféidearthacht plean téarnaimh agus athléimneachta a leasú faoi Airteagal 21 de Rialachán STA, i gcás ina sainaithníonn Ballstát rogha níos fearr chun beart a chur chun feidhme ar bhealach lena laghdaítear an t-ualach riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme an bhirt sin agus gan uaillmhian an phlean a laghdú;
- sainítear ar bhealach níos soiléire an raon feidhme i dtaca leis na hathruithe eile is féidir a dhéanamh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta faoi Airteagal 21 de Rialachán STA;
- mínítear na himthosca faoina bhféadfadh sé nach mbeadh gá le socruithe oibríochtúla a athbhreithniú tar éis leasú a dhéanamh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta, chun an t-ualach riaracháin a bhaineann leis na hathbhreithnithe sin a laghdú; agus
- soláthraítear soiléireacht níos fearr maidir leis na coinníollacha faoinar féidir teaglaim pro rata de thacaíocht ó STA agus ó chistí eile de chuid an Aontais a dhéanamh agus cistiú dúbailte á sheachaint ag an am céanna.

Ag an am céanna, shimpligh an Coimisiún ceanglais tuairiscithe na mBallstát a mhéid is féidir faoi Rialachán STA, tríd an bhfaisnéis a iarradh i gcomhthéacs an tuairiscithe dhébhliantúil ar chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a laghdú agus trí chur ar chumas na mBallstát a nIarscríbhinn II a scriosadh[51] ó na socruithe oibríochtúla.

---

[50] Le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202404618.

[51] Liostaítear céimeanna faireacháin in Iarscríbhinn II: is céimeanna breise neamhcheangailteacha iad sin i gcás nach mór do riaracháin náisiúnta faisnéis bhreise a sholáthar maidir le cur chun feidhme na mbeart ábhartha. Ós rud é go bhfuil na céimeanna faireacháin sin neamhcheangailteach agus nach bhfuil siad éigeantach faoi Rialachán STA, tá sé roghnach Iarscríbhinn II a áireamh sa chomhaontú oibríochtúil.

## 2. Dul chun cinn maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme

### A. Comhtháscairí

*Tá fíorthorthaí suntasacha ar an láthair bainte amach ag STA*

**Léirítear sna Comhtháscairí an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i dtreo cuspóirí ginearálta agus sonracha agus feidhmíocht fhoriomlán STA a bhaint amach[52].** Tuairiscíonn na Ballstáit na sonraí faoi dhó sa bhliain agus cumhdaíonn siad 14 tháscaire[53]. Cé go léiríonn Comhtháscairí aschuir feidhmíochta nithiúla a eascraíonn as bearta STA, ní hiad an t-aon uirlis amháin iad chun dul chun cinn i gcur chun feidhme STA a rianú. Tuairiscítear na Comhtháscairí sa bhreis ar an dul chun cinn maidir le breis agus 6000 cloch mhíle agus sprioc a luaitear sa tuairisciú débhliantúil ó na Ballstáit.

**Rannchuidigh STA le haschuir agus torthaí suntasacha ar fud na 14 chomhtháscaire éagsúla.** Go dtí seo, rinneadh athbhreithniú ar shonraí na gcúig bhabhta tuairiscithe agus foilsíodh iad ar an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta[54], lena gcumhdaítear an dul chun cinn a rinneadh sa tréimhse ó mhí Feabhra 2020 go mí na Nollag 2023. Léirítear i bhFíor 9 an staid mar atá faoi láthair maidir leis na comhtháscairí, rud a léiríonn éachtaí tábhachtacha i dtreo chuspóirí na Saoráide agus phríomhthosaíochtaí an Aontais.

---

[52] Mar a rinneadh mionanailís air sa mheastóireacht mheán-téarma, tá feidhm ag foláirimh mhodheolaíochta maidir leis na comhtháscairí. Cé gurb é is cuspóir dóibh tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán agus ar dhul chun cinn STA i dtreo a cuspóirí, ní chumhdaíonn siad go cuimsitheach na hinfheistíochtaí uile a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus ní chuimsítear leo rannchuidiú iomlán na n-athchóirithe, rud atá deacair a thomhas trí tháscairí cainníochtúla a úsáid. Mar gheall ar mhodheolaíocht bailithe bhunsonraí na gcomhtháscairí, tá sé dodhéanta uaireanta a dtionscnamh sonrach agus a rannchuidiú sonrach le cuspóirí STA a scaradh ó chéile, go háirithe ós rud é nach bhfuil aon phointe comparáide ann (frithfhíorasach in éagmais RFF). Ina theannta sin, ní áirítear spriocluachanna deiridh sna comhtháscairí, rud a chuireann teorainn lena n-úsáid i gcomhthéacs meastóireachta agus chun éifeachtacht STA a chinneadh. Rinneadh an pointe sin a mhacasamhlú san aiseolas a fuarthas ó na Ballstáit.

[53] Le Rialachán STA ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún maidir leis na comhtháscairí agus tugtar de chumhacht don Choimisiún na comhtháscairí atá le húsáid le haghaidh an tuairiscithe sin a shonrú. Sainítear i Rialachán Tarmligthe 2021/2106 ón gCoimisiún na 14 tháscaire atá i gceist. Tá dhá chineál táscairí ann. Déanann táscairí aschuir tomhas ar spriocanna insoláthartha sonracha gníomhaíochta nó tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó STA (e.g. acmhainneacht oibríochtúil bhreise suiteáilte le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite). Léirítear le táscairí toraidh athrú ar an staid agus ar a héifeachtaí ar na tairbhithe (e.g. daoine a bhaineann tairbhe as seirbhísí digiteacha poiblí nua, nó as oiliúint). As na 14 chomhtháscaire, tá 4 cinn díobh imdhealaithe de réir inscne. Tuairiscíonn na Ballstáit faoi dhó sa bhliain ar na comhtháscairí sin faoin 28 Feabhra (lena gcumhdaítear tréimhse thuairiscithe mhí Iúil go mí na Nollag an bhliain roimhe sin) agus faoin 31 Lúnasa (lena gcumhdaítear tréimhse thuairiscithe mhí Eanáir go mí an Mheithimh an bhliain chéanna). Foilsíonn an Coimisiún sonraí na gcomhtháscairí maidir leis an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, tar éis dó seiceálacha sonraí a dhéanamh chun inchreidteacht agus inchomparáideacht na sonraí a áirithiú. I gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Tarmligthe ón gCoimisiún, i gcás ina bhfoilsítear sonraí ar leibhéal gach Ballstáit, cuirtear na sonraí sin i láthair i dtéarmaí coibhneasta. Níl aon bhunús dlí ag an gCoimisiún, áfach, chun iniúchadh ná fíorú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí arna gcur isteach ag na Ballstáit ná chun tuairisciú sonrach ag na Ballstáit a athrú nó a dhiúltú. Tá seiceálacha an Choimisiúin teoranta d'inchreidteacht fhoriomlán agus d'inchomparáideacht fhoriomlán na sonraí.

[54] https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html

*Fíor 9: Staid na himeartha maidir leis na comhtháscairí*





**Foinse:** Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Faoi dheireadh 2023, baineadh amach **thart ar 34 mhilliún Meigeavatuair ('MWh') de choigilteas in ídiú fuinnimh bliantúil** a bhuí le tacaíocht ó STA (Fíor 10). I measc phríomhthosaíochtaí an Aontais tá ár n-ídiú fuinnimh a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus is réamhchoinníoll iad don aistriú chuig fuinneamh glan. Le comhtháscaire (1) léirítear an laghdú ar ídiú fuinnimh phríomhúil bliantúil a baineadh amach le tacaíocht STA. Maidir le comhthéacs, is mó an coigilteas fuinnimh a baineadh amach go dtí seo ná tomhaltas leictreachais bliantúil iomlán na Danmhairge[55]. Samplaí is ea laghduithe ar ídiú fuinnimh i bhfoirgnimh, i scoileanna, in ospidéil nó i bhfiontair.

[55] Sonraí Eurostat maidir le Soláthar, claochlú agus tomhaltas leictreachais in 2023, féach https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/nrg_cb_e/default/table?lang=en.

*Fíor 10: An t-athrú ar an gcoigilteas in ídiú fuinnimh phríomhúil bliantúil, in MWh*





Tabhair faoi deara: Taispeántar sa ghraf seo comhtháscaire 2. Is táscaire stoic é seo atá carnach agus a mhéadaíonn le himeacht ama. Dá bhrí sin, tuairiscíonn na Ballstáit luachanna incriminteacha.

Foinse: Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Faoi mhí na Nollag 2023, **chuidigh bearta tacaíochta STA le beagnach 15 mhilliún teach rochtain a fháil ar líonraí idirlín fíor-ardacmhainne** (Fíor 11). Léiríonn comhtháscaire (5) líon na dtithe (teaghaisí) a fuair rochtain ar líonraí idirlín fíor-ardacmhainne trí bhearta faoi STA, lena n-áirítear líonraí 5G agus luas gigighiotáin. Áirítear tithe nach raibh aon rochtain acu roimhe seo nó a raibh rochtain níos moille acu. Is réamhriachtanas é rochtain ar bhonneagar digiteach ardluais le haghaidh claochlú digiteach cuimsitheach agus léirítear é mar thosaíocht ar fud na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

*Fíor 11: Teacht chun cinn teaghaisí breise a bhfuil rochtain idirlín acu a chuirtear ar fáil trí líonraí fíor-ardacmhainne*





**Tabhair faoi deara:** Léirítear sa ghraf seo comhtháscaire 5. Is táscaire stoic é seo atá carnach agus a mhéadaíonn le himeacht ama. Dá bhrí sin, tuairiscíonn na Ballstáit luachanna incriminteacha.

**Foinse:** Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.

**Sa dara leath de 2023 amháin, cuireadh oiliúint ar bhreis agus 3 mhilliún duine a bhuí le tacaíocht STA** (Fíor 12). San iomlán, thacaigh STA le hoideachas nó le hoiliúint os cionn 11.8 milliún duine ó bunaíodh é. Chuir géarchéim COVID-19 isteach go mór freisin ar chórais oideachais agus oiliúna an Aontais, agus léiríonn comhtháscaire (10) rannchuidiú STA leis an oideachas agus leis an oiliúint agus le forbairt scileanna. Tá athchóirithe agus infheistíochtaí san oideachas agus san oiliúint ríthábhachtach chun saoránaigh a ullmhú don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus chun a áirithiú go mbeidh an deis acu na scileanna a theastaíonn uathu a fhorbairt. Dírítear go háirithe ar oiliúint chun feabhas a chur ar scileanna digiteacha, i bhfianaise a thábhachtaí is atá siad ag éirí sa mhargadh saothair agus sa tsochaí.

*Fíor 12: An t-athrú ar an líon rannpháirtithe san oideachas nó san oiliúint*





Tabhair faoi deara: Taispeántar sa ghraf seo comhtháscaire 10. Is táscaire sreafa é an comhtháscaire seo, a bhaineann leis an bhfeidhmíocht laistigh den tréimhse thuairiscithe 6 mhí ar leith agus laistigh den tréimhse sin amháin agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith éagsúil ó thréimhse thuairiscithe go chéile.

Foinse: Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

**Chuidigh STA le 800 000 fiontar trí thacaíocht airgeadaíochta nó tacaíocht chomhchineáil** sa dara leath de 2023 (Fíor 13). San iomlán, tá tacaíocht tugtha ag STA do bhreis agus 2.8 milliún fiontar ó bunaíodh é. Bhí tionchar tromchúiseach ag géarchéim COVID-19 ar gheilleagar iomlán an Aontais agus d'fhulaing fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') go háirithe. Ag féachaint ar an tacaíocht a thugtar chun borradh a chur faoi gheilleagair an Aontais agus chun cuidiú le fiontair, léirítear i dtáscaire comhchoiteann (9) líon na bhfiontar a dtugtar tacaíocht ina leith ó bhearta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

*Fíor 13: Teacht chun cinn na bhfiontar a dtugtar tacaíocht dóibh (lena n-áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga, fiontair mheánmhéide agus fiontair mhóra)*




Tabhair faoi deara: Taispeántar sa ghraf seo comhtháscaire 9. Is táscaire sreafa é an comhtháscaire seo, a bhaineann leis an bhfeidhmíocht laistigh den tréimhse thuairiscithe 6 mhí ar leith agus laistigh den tréimhse sin amháin agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith éagsúil ó thréimhse thuairiscithe go chéile.

Foinse: Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

**I gcomhréir le prionsabail an phríomhshruthaithe inscne agus comhdheiseanna do chách a luaitear sa Rialachán, déanann ceithre cinn de na comhtháscairí sonraí a imdhealú de réir inscne.** De réir na sonraí a thuairiscigh na Ballstáit, is mná iad thart ar 55 % de na rannpháirtithe san oideachas nó san oiliúint a fhaigheann tacaíocht ó chistiú STA (comhtháscaire 10). Léirítear i gcomhtháscaire 8 gur mná iad thart ar 40 % de na taighdeoirí atá ag obair i saoráidí taighde a fhaigheann tacaíocht. Léirítear le comhtháscaire 11 maidir le líon na ndaoine atá fostaithe nó atá i mbun gníomhaíochtaí cuardaigh poist gur mná iad os cionn 60 % díobh siúd a fhaigheann tacaíocht agus léirítear le comhtháscaire 14 go bhfuil líon na ndaoine óga a fhaigheann tacaíocht ó STA cothrom ó thaobh inscne de a bheag nó a mhór[56].

## B. Sonraí tuairiscithe débhliantúla


> *Tuairiscítear go bhfuil formhór na gcloch míle agus na spriocanna le cur chun feidhme i gcomhréir le hamlínte phleananna téarnaimh agus athléimneachta*

**Maidir le 85 % de na clocha míle agus de na spriocanna a bhí le comhlíonadh faoi R1 2024, mheas an Coimisiún go raibh siad comhlíonta nó rinne na Ballstáit**


[56] Tá meastachán déanta ag roinnt Ballstát ar imdhealú inscne toisc go raibh sé dúshlánach fíorshonraí a bhailiú nó toisc nár bailíodh iad ar chor ar bith.

**féintuairisciú ina leith go raibh siad tugtha chun críche**[57]**.** Go sonrach, mheas an Coimisiún go raibh 1 419 gcinn de na 3 171 chloch mhíle agus sprioc a bhí le comhlíonadh faoi R1 2024 comhlíonta agus thuairiscigh na Ballstáit go raibh 1 267 gcinn eile tugtha chun críche acu (Fíor 14). Mar sin féin, thuairiscigh na Ballstáit go raibh 485 chloch mhíle agus sprioc eile ann a bhí le comhlíonadh faoi R1 2024 (nó 15.3 %) nach raibh tugtha chun críche.

*Fíor 14: Dul chun cinn na gcloch míle agus na spriocanna siarbhreathnaitheacha, le haghaidh R1 2020 go R1 2024*




*Fíor 15: Dul chun cinn na gcloch míle agus na spriocanna atá le críochnú amach anseo, le haghaidh R2 2024 go R1 2025*





Foinse: An Coimisiún Eorpach

**Tuairiscítear go mbeidh cur chun feidhme na gcloch míle agus na spriocanna ar an gconair cheart don 12 mhí atá le teacht.** Thuairiscigh na Ballstáit go bhfuil clocha míle agus spriocanna atá le cur i gcrích idir R2 2024 agus R1 2025 ‘ar an gconair cheart’ den chuid is mó (beagnach 83 %, nó 996 as 1 199 gcloch mhíle agus sprioc). Tugann na Ballstáit le fios go bhfuil 93 chloch mhíle agus sprioc (8 %) tugtha chun críche acu roimh an dáta beartaithe agus thuairiscigh siad 110 (nó 9 %) mar ‘moillithe’ (Fíor 15). I measc na gcúiseanna a bhí leis na moilleanna, leag na Ballstáit béim ar mhoilleanna riaracháin, na héifeachtaí a bhí ag nósanna imeachta reachtacha a raibh moill orthu nó moilleanna ar chlocha míle riachtanacha roimhe sin a thabhairt chun críche, boilsciú ard agus iarmhairtí

[57] De réir fhigiúirí bhabhta tuairiscithe débhliantúil an earraigh 2024. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán STA, ní mór do na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh dhá uair sa bhliain i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ar an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le cur chun feidhme a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Sonraítear an oibleagáid sin a thuilleadh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2106 ón gCoimisiún, lena leagtar síos na spriocdhátaí don tuairisciú débhliantúil tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán agus an 15 Deireadh Fómhair. Tuairiscíonn na Ballstáit a ndul chun cinn maidir le baint amach a gcloch míle agus a spriocanna a bhí le críochnú san am atá thart agus atá le críochnú sa chéad 12 mhí eile. Cé go ndéanann na Ballstáit féintuairisciú ar na sonraí agus nach ndéanann an Coimisiún iad a fhíorú, soláthraíonn sé athbhreithniú cuimsitheach ar chúrsaí maidir le cur chun feidhme na bpleananna uile agus éascaíonn sé faireachán ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Aicmítear clocha míle agus spriocanna ar mheas an Coimisiún cheana iad a bheith comhlíonta go sásúil i gcomhthéacs iarratais ar íocaíocht mar spriocanna ‘comhlíonta’. Is féidir stádas dul chun cinn gach cloiche míle siarbhreathnaithí agus gach sprice siarbhreathnaithí (i.e. iad siúd a bhfuil sé beartaithe iad a bhaint amach suas go dtí an ráithe roimh an dáta tuairiscithe) a aicmiú mar ‘tugtha chun críche’ nó ‘gan bheith tugtha chun críche’. Is féidir stádas na gcloch míle agus na spriocanna réamhbhreathnaitheacha (i.e. na cinn a bhfuil sé beartaithe iad a bhaint amach i ráithe an dáta tuairiscithe agus sna trí ráithe ina dhiaidh sin) a aicmiú mar chlocha míle agus spriocanna atá ‘críochnaithe, ‘ar an gconair cheart’, nó ‘moillithe’.

suaití sa slabhra soláthair, suibscríobh íseal nó glacadh íseal tionscadal, deacracht maidir le tionscadail mhóra chasta a chur chun feidhme, chomh maith le cur chun feidhme níos moille ná mar a raibh coinne leis.

**Tá an dul chun cinn i gcur chun feidhme na gcloch míle agus na spriocanna seasta ar fud na sé cholún beartais uile (Fíor 16).** Is le colún an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh, agus le colún an aistrithe ghlais a bhaineann an líon is mó clocha míle agus spriocanna comhlíonta agus tugtha chun críche (1 616 agus 1 527 faoi seach), agus tá cuid mhaith eile acu ar an gconair cheart le baint amach faoi R1 2025. Tá i bhfad os cionn 1 000 cloch mhíle agus sprioc i gcolún na hathléimneachta sláinte agus eacnamaíche, sóisialta agus institiúidí, colúin an chlaochlaithe dhigitigh, agus colún an chomhtháthaithe shóisialta agus chríochaigh comhlíonta, tugtha chun críche nó ar an gconair cheart freisin.




Fíor 16: *Clocha míle agus spriocanna a rannchuidíonn leis na sé cholún de Rialachán STA agus a stádas suas le R1 2025*
Foinse: An Coimisiún Eorpach

## C. Dul chun cinn ar fud na sé cholún beartais


*Tá dul chun cinn sofheicthe déanta ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme i ngach ceann de sé cholún beartais STA*

### An t-aistriú glas

**Cabhróidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le baint amach spriocanna an Aontais maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.** Leis na bearta a bhfaightear tacaíocht ón Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ina leith, táthar ag rannchuidiú le huaillmhian aeráide an Aontais a chomhlíonadh, trí shoghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn, trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus trí úsáid níos airde

foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. Áiritheoidh siad freisin go ndéanfar dul chun cinn i dtreo oiriúnú don athrú aeráide agus i dtreo cuspóirí eile comhshaoil amhail aerthruailliú a laghdú, an geilleagar ciorclach a chur chun cinn nó an bhithéagsúlacht a athbhunú agus a chosaint. Tar éis na caibidlí REPowerEU a ghlacadh, tá EUR 346 bhilliún san iomlán[58] – os cionn 50 faoin gcéad de leithdháileadh iomlán na mBallstát go dtí seo – tiomnaithe do bhearta a rannchuidíonn le colún an aistrithe ghlais.

*Fíor 17: Céatadán na gcloch míle agus na spriocanna a rannchuidíonn leis an aistriú glas a measadh a bheith comhlíonta nó a tuairiscíodh a bheith tugtha chun críche, de réir an phlean téarnaimh agus athléimneachta*




**Foinse:** An Coimisiún Eorpach

**Ar an iomlán, rinneadh dul chun cinn maith maidir le bearta a bhaineann leis an aistriú glas a chur chun feidhme.** I gcás thart ar an tríú cuid de na clocha míle agus na spriocanna, tuairiscíodh go bhfuil siad tugtha chun críche nó mheas an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta go sásúil. Go sonrach, i gcás 1 080 de 3 214 chloch mhíle agus sprioc a bhaineann leis an aistriú glas, tá sé tuairiscithe ag na Ballstáit go bhfuil siad tugtha chun críche nó measann an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta cheana féin, is é sin ráta dul chun cinn thart ar 34 % (lena n-áirítear 19 % a measúnaíodh in iarratais ar íocaíocht). Mheas an Coimisiún gur comhlíonadh 355 de na clocha míle agus na spriocanna sin a rannchuidíonn leis an aistriú glas idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Lúnasa 2024. Cé go bhfuil sé róluath measúnú a dhéanamh ar thionchar iomlán STA ar an aistriú glas toisc nach dtiocfaidh na héifeachtaí deiridh chun cinn ach san fhadtéarma, chuidigh na clocha míle agus na spriocanna 'glasa' a comhlíonadh cheana le cur leis an móiminteam don aistriú glas. Leis na samplaí a chuirtear ar fáil sa bhosca thíos cuirtear i dtábhacht príomhbhearta a bhfuil clocha

[58] Léirítear leis an bhfíor seo meastacháin chostais bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin le haghaidh an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta agus comhfhreagraíonn sé do na bearta arna leithdháileadh ar cholún an aistrithe ghlais mar cholún beartais príomhúil agus/nó tánaisteach.

míle agus spriocanna a bhaineann leo tugtha chun críche le linn na tréimhse tuairiscithe (an 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024).

**Samplaí de bhearta ábhartha a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo comhlíonta faoi cholún an aistrithe ghlais**

Athchóirithe:

- Ghlac **an Spáinn** (i) an Tuarascáil ar an mBuiséad Glas chun speansais ghlasa a mhapáil sa dlí buiséadach bliantúil i gcomhréir le modheolaíocht agus creat faireacháin an Aontais; (ii) rinne sí an Straitéis Foraoiseachta a fhormheas; (iii) rinne sí an dlí maoine cothrománach a leasú chun oibreacha athchóirithe foirgneamh agus rochtain fheabhsaithe ar mhaoiniú a éascú; agus (iv) d'fhormhuinigh sí Straitéis Iarnróid chun cás soiléir maidir le pleanáil soghluaisteachta inbhuanaithe a bhunú don mhodh iompair iarnróid agus chun tosaíochtaí infheistíochta san earnáil a ailíniú.
- Thug **an Pholainn** (i) a Clár Náisiúnta um Chosaint an Aeir cothrom le dáta, agus sainordú á thabhairt aici deireadh a chur le fóirdheontais phoiblí d'fhoinsí teasa gualbhreoslaithe agus sraith beart agus beartas a thabhairt isteach chun cáilíocht an aeir a fheabhsú go héifeachtach; agus (ii) rinne sí an tAcht um Éifeachtúlacht Fuinnimh a leasú chun úsáid Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh a éascú, agus ar an gcaoi sin infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh i dtionscadail phoiblí agus phríobháideacha a chur chun cinn chun dlús a chur le hathsholáthar foinsí teasa truaillitheacha.
- Ghlac an **Fhionlainn** an Gníomh um Dhleacht Mháil ar Leictreachas agus ar Bhreoslaí Áirithe. Léiríonn an fhoráil i ndlí theacht i bhfeidhm an Ghnímh athrú ar chánachas reatha ar chineálacha éagsúla fuinnimh d'fhonn rannchuidiú le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise trí leictriú tionscail a chur chun cinn agus infheistíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin a spreagadh.

Infheistíochtaí:

- Thóg **an Iodáil** (i) níos mó ná 200 km de chosáin rothar i limistéir uirbeacha agus i gcathracha ina bhfuil ollscoileanna, rud a éascóidh an chomaitéireacht idir ollscoileanna, nóid idirmhódúla agus pointí eile i limistéir uirbeacha; (ii) chuir sí feabhas ar athléimneacht níos mó ná 172 km d'iarnróid sna hiarnróid theas, lena n-áirítear athnuachan líne iarnróid ar 6 bhealach éagsúla; agus (iii) rinne sí líon na líonta talún neamhrialta a laghdú ó 34 go 14, arb ionann é agus laghdú 60 %, feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola agus an brú comhshaoil a laghdú.
- Shuiteáil **an Phortaingéil** (i) 1 730 stáisiún athluchtaithe breise a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun cur go héifeachtach leis an líonra atá ann cheana agus é a leathnú chun tacú le húsáid feithiclí níos glaine; agus (ii) shínigh sí conarthaí chun 257 mbus astaíochtaí nialasacha a sholáthar agus chun bonneagar luchtaithe tiomnaithe a thógáil lena úsáid i limistéir chathrach Liospóin agus Porto chun an t-iompar poiblí a dhícharbónú.


- Thug **an tSeicia** (i) 26 thionscadal chun críche a bhaineann le línte iarnróid a nuachóiriú, stáisiúin iarnróid a nuachóiriú le hardáin atógtha iarnróid agus ardáin inrochtana atá sábháilte agus saor ó bhacainní agus déine fuinnimh laghdaithe agus compord méadaithe i bhfoirgnimh stáisiúin; (ii) thóg sí níos mó ná 24 km de raonta rothar chun soghluaisteacht bhog a éascú; agus (iii) thug sí 15 thionscadal chun críche chun cosaint athléimneach ar thuilte a bhunú, lena n-áirítear bainistiú éifeachtúil uisce báistí i gceantair uirbeacha, rud a chosnóidh saoránaigh ar rioscaí tuilte.

### Claochlú digiteach

**Cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go mór leis an aistriú digiteach san Aontas.** Cumhdaítear leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta raon beart, lena n-áirítear bonneagair dhigiteacha agus ardteicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile a chur in úsáid, forbairt scileanna digiteacha don phobal i gcoitinne agus don lucht saothair (trí oideachas agus oiliúint), agus tacaíocht do dhigitiú fiontar chomh maith le seirbhísí poiblí. Leithdháilfear EUR 166,2 billiún san iomlán chun tacú le colún an chlaochlaithe dhigitigh[59].

**Tá dul chun cinn suntasach déanta ag na Ballstáit maidir le bearta a bhaineann leis an gclaochlú digiteach a chur chun feidhme**, agus i gcás os cionn aon trian de na clocha míle agus de na spriocanna gaolmhara, tuairiscítear go bhfuil siad comhlíonta nó mheas an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta. Go sonrach, i gcás 877 gcinn de 2 464 chloch mhíle agus sprioc a bhaineann leis an gclaochlú digiteach, tá sé tuairiscithe ag na Ballstáit go bhfuil siad tugtha chun críche nó measann an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta cheana féin, is é sin ráta dul chun cinn 35 % (lena n-áirítear 19 % a measúnaíodh in iarratais ar íocaíocht). Mheas an Coimisiún gur comhlíonadh 290 de na clocha míle agus de na spriocanna sin a rannchuidíonn leis an gclaochlú digiteach idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Lúnasa 2024 (an tréimhse thuairiscithe). Leis na samplaí a chuirtear ar fáil sa bhosca thíos cuirtear i dtábhacht príomhbhearta a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo tugtha chun críche le linn na tréimhse tuairiscithe.

[59] Léirítear leis an bhfíor seo meastacháin chostais bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin le haghaidh an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta agus comhfhreagraíonn sé do na bearta arna leithdháileadh ar cholún an chlaochlaithe dhigitigh mar cholún beartais príomhúil agus/nó tánaisteach.




Fíor 18: *Céatadán na gcloch míle agus na spriocanna a rannchuidíonn leis an gclaochlú digiteach a mheastar a bheith comhlíonta nó a thuairiscítear a bheith tugtha chun críche, de réir an phlean téarnaimh agus athléimneachta*
Foinse: An Coimisiún Eorpach

**Samplaí de bhearta ábhartha a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo comhlíonta faoi cholún an aistrithe dhigitigh**

Athchóirithe:

- Leis an nGníomh um Rialtas Oscailte a cuireadh chun feidhme **san Ísiltír** feabhsaítear trédhearcacht agus inrochtaineacht faisnéise riaracháin phoiblí. Cuireann údaráis phoiblí agus leathphoiblí faisnéis níos inrochtana agus níos comhoiriúnaí ar fáil anois do shaoránaigh, don phreas agus do na meáin, d’Fheisirí na Parlaiminte agus dá bhfoireann.
- Sa **Laitvia**, glacadh an Straitéis Sláinte Digití, a fheidhmíonn mar threochlár chun réitigh dhigiteacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme in earnáil an chúraim sláinte atá sábháilte agus a fhreastalaíonn ar riachtanais othar agus an tionscail. Cumhdaítear sa straitéis gnéithe amhail bainistiú sonraí, úsáid sonraí le haghaidh taighde, córais agus réitigh TF san earnáil sláinte poiblí, córais TF phríobháideacha, malartú sonraí trasteorann agus scileanna digiteacha a bhfuil gá leo chun aon réiteach nua sláinte digití a chur chun feidhme agus a úsáid.

Infheistíochtaí:

- D’éirigh leis an **bhFrainc** an feidhmchlár nua maidir le céannacht dhigiteach cheannasach a sheoladh, rud a ligeann d’úsáideoirí rochtain a fháil air gan stró. Mar thoradh air sin, eisíodh níos mó ná 12.5 milliún cárta aitheantais nua a bhfuil gné ‘céannachta digití’ acu.

- Tá rochtain leathnaithe ag an **tSeicia** ar bhoird feasachán digiteach na n-údarás réigiúnach agus bardasach. Ceanglaítear leis anois go bhfoilseofar meiteashonraí oscailte na mbord feasachán oifigiúil i mbeagnach 300 eintiteas, lena n-áirítear rialtais áitiúla agus bardais. Rannchuidíonn sé sin le feabhas a chur ar an gCatalóg Náisiúnta Sonraí Oscailte trí liostaí cód riaracháin phoiblí a fhoilsiú i mbunachair sonraí poiblí, agus trí líon na dtáirgeoirí sonraí oscailte a mhéadú.
- Tá rochtain faighte ag 3 500 teaghlach agus gnólacht ar a laghad sa **Danmhairg** ar idirlíon ardluais, rud nach raibh acu roimhe sin, trí leathnú na scéime leathanbhanda atá ann cheana, *Bredbåndspuljen*. A bhuí leis an scéim sin, tá rochtain idirlín ardluais curtha ar fáil do cheantair thuaithe na Danmhairge atá thíos le cumhdach neamhleor mar gheall ar dhreasachtaí margaidh neamhleora, lena n-áirítear oileáin nach bhfuil nasc droichid acu.
- San **Iodáil**, comhlíonadh trí sprioc thábhachtacha a bhaineann le riaracháin phoiblí a ionduchtú i réitigh ríomhrialtais: (i) Ghlac 6 678 riarachán poiblí breise an córas íocaíochta digití '*PagoPA*' (+71 % i gcomparáid le 2021), (ii) chuaigh 10 675 riarachán poiblí breise isteach agus sholáthair siad seirbhísí trí phointe rochtana aonair na seirbhísí poiblí, ar a dtugtar 'aip IO' (+251 % i gcomparáid le 2021) agus (iii) 1 798 Riarachán Poiblí Lárnach agus Bardasacht Lárnach a shuibscríobh leis an 'Ardán um Fhógra Digiteach' agus thosaigh siad ag seoladh fógraí atá ceangailteach ó thaobh dlí chuig saoránaigh, eintitis dhlíthiúla, comhlachais agus aon eintiteas poiblí nó príobháideach eile tríd an ardán.


### Fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach

**Rannchuidíonn na pleananna téarnaimh agus athléimneachta le fás cliste, cuimsitheach agus inbhuanaithe (i.e. colún 3) le 1 700 beart agus fobheart ar fiú os cionn EUR 332 bhilliún iad**[60]. Cumhdaítear leis na bearta sin raon leathan réimsí, lena n-áirítear athchóirithe agus infheistíochtaí chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus ar an iomaíochas, tacaíocht do FBManna, taighde agus forbairt, nuálaíocht, agus earnáil an chultúir.

**Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le bearta a bhaineann le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun feidhme**, agus i gcás 40 % de na clocha míle agus na spriocanna a rannchuidíonn leis an gcuspóir STA sin, tá sé tuairiscithe ag na Ballstáit go bhfuil siad tugtha chun críche nó measann an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta go sásúil. I gcás 1 346 de 3 305 chloch mhíle agus sprioc a rannchuidíonn le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, tá sé tuairiscithe ag na Ballstáit go bhfuil siad tugtha chun críche nó measann an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta, is é sin ráta dul chun cinn

[60] Léirítear leis an bhfíor seo meastacháin chostais bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin le haghaidh an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta agus comhfhreagraíonn sé do na bearta arna leithdháileadh ar cholún an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh mar cholún beartais príomhúil agus/nó tánaisteach.

41 % (lena n-áirítear 23 % a measúnaíodh in iarratais ar íocaíocht). Mheas an Coimisiún gur comhlíonadh 420 de na clocha míle agus na spriocanna sin idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Lúnasa 2024 (an tréimhse thuairiscithe). Leis na samplaí a chuirtear ar fáil sa bhosca thíos cuirtear i dtábhacht príomhbhearta a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo tugtha chun críche le linn na tréimhse tuairiscithe.




Fíor 19: *Céatadán na gcloch míle agus na spriocanna a rannchuidíonn le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a mheastar a bheith comhlíonta nó a thuairiscítear a bheith tugtha chun críche, de réir an phlean téarnaimh agus athléimneachta*
Foinse: An Coimisiún Eorpach

**Samplaí de bhearta ábhartha a bhfuil a gclocha míle agus a spriocanna comhlíonta faoi cholún an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh**

Athchóirithe:

- Bhunaigh **an tSeicia** ardán deimhniúcháin le haghaidh na dtionscal feistí leighis agus aeraspáis. Nascann an t-ardán sin cuideachtaí le comhlachtaí rialála chun faisnéis fhíor-riachtanach, oiliúint agus treoraíocht a chur ar fáil maidir le deimhnithe a fháil le haghaidh táirgí agus seirbhísí sonracha.
- Bhunaigh **Málta** ríomhcholáiste lena gcuirtear cúrsaí cuimsitheacha ar líne ar fáil arb é is cuspóir dóibh deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a leathnú do gach duine fásta gan beann ar a stádas fostaíochta. Tugtar cúnamh d'fhoghlaimeoirí trí aonad meantóireachta agus treorach chomh maith le mol ar líne chun seirbhísí treorach a sholáthar do dhaoine fásta atá ag lorg an chonair oideachais is fearr chun freastal ar a riachtanais uas-scilithe agus athscilithe chomh maith le comhairleoireacht maidir leis an bhfolláine ghinearálta. Comhlánaítear an ríomhcholáiste freisin le saoráid moil a sholáthraíonn spás fisiciúil le trealamh teicniúil agus cóitseáil phearsanta do dhaoine fásta nach bhfuil scileanna digiteacha ná trealamh digiteach acu chun rochtain a fháil ar chúrsaí ar líne.

- Tá Comhairle nua um Thaighde cruthaithe ag **an Liotuáin** a chuidíonn le gnólachtaí agus le heagraíochtaí leas a bhaint as deiseanna idirnáisiúnta taighde agus nuálaíochta agus a chuireann tacaíocht anailíseach ar fáil don rialtas maidir le beartais nuálaíochta agus ardoideachais.

Infheistíochtaí:


- San **Iodáil,** fuair 25 chuideachta, lena n-áirítear FBManna, cistiú chun páirt a ghlacadh i dTionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne maidir le teicneolaíocht agus tionscal hidrigine; teicneolaíochtaí micrileictreonaice agus cumarsáide; agus bonneagar agus seirbhísí néalríomhaireachta den chéad ghlúin eile. Leis na tionscadail sin, maoinítear nuálaíocht cheannródaíoch lena gcuirtear le hiomaíochas, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht na hEorpa.
- Sa **Chróit,** deonaíodh thart ar EUR 18 milliún do thionscadail taighde a rinne ollscoileanna agus institiúidí taighde a d'aontaigh díriú ar thorthaí, rud a athraíonn an chaoi a maoinítear taighde poiblí i dtreo luach saothair a thabhairt do thorthaí rathúla.
- Sa **Spáinn**, dámhadh EUR 897 milliún ar 3 463 thionscadal taighde agus forbartha a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) cruthúnas coincheapa, (ii) teicneolaíochtaí straitéiseacha, (iii) an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, (iv) comhar taighde poiblí-príobháideach, (v) taighde agus forbairt le haghaidh dúshláin shochaíocha agus (vi) le haghaidh comhar taighde idirnáisiúnta.

### Comhtháthú sóisialta agus críochach

**Tá líon suntasach beart curtha san áireamh ag na Ballstáit chun tacú le comhtháthú sóisialta agus críochach, go háirithe chun rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.** Áirítear in go leor pleananna téarnaimh agus athléimneachta caibidlí tiomnaithe maidir le comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Maoinítear le gach plean téarnaimh agus athléimneachta freisin bearta atá dírithe ar chineálacha éagsúla bonneagair chríochaigh agus seirbhísí críochacha a fheabhsú, lena n-áirítear athchóirithe agus infheistíochtaí chun borradh a chur faoin iomaíochas, chun feabhas a chur ar nascacht iompair agus leathanbhanda, chun úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a áirithiú agus chun an comhshaol a chaomhnú, chomh maith le feidhmíocht an riaracháin phoiblí a fheabhsú ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Chun a bheith níos cruinne, tacóidh na 27 bplean téarnaimh agus athléimneachta a ghlac an Chomhairle leis an gcolún sin le thart ar EUR 261,2 billiún[61].

[61] Léirítear leis an bhfíor seo meastacháin chostais bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin le haghaidh an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta agus comhfhreagraíonn sé do na bearta arna leithdháileadh ar cholún an chomhtháthaithe shóisialta agus chríochaigh mar cholún beartais príomhúil agus/nó tánaisteach.

**Tá cumhdach na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta maidir le comhtháthú sóisialta agus críochach i láthair níos mó i bpleananna áirithe ná mar atá i bpleananna eile, agus tá dul chun cinn maith déanta ar an iomlán.** I roinnt Ballstát, déantar comhtháthú sóisialta agus críochach a ionchorprú i mbearta éagsúla ar fud chomhpháirteanna uile an phlean téarnaimh agus athléimneachta. I gcás 1 064 de na 2 888 gcloch míle agus sprioc a rannchuidíonn le comhtháthú sóisialta agus críochach, tá sé tuairiscithe ag na Ballstáit go bhfuil siad tugtha chun críche nó measann an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta cheana féin, is é sin ráta dul chun cinn 37 % (lena n-áirítear 20 % a measúnaíodh in iarratais ar íocaíocht). Mheas an Coimisiún gur comhlíonadh 322 de na clocha míle agus na spriocanna a rannchuidíonn le comhtháthú sóisialta agus críochach idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Lúnasa 2024 (an tréimhse thuairiscithe). Leis na samplaí a chuirtear ar fáil sa bhosca thíos cuirtear i dtábhacht príomhbhearta a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo tugtha chun críche le linn na tréimhse tuairiscithe.




Fíor 20: *Céatadán na gcloch míle agus na spriocanna a rannchuidíonn le comhtháthú sóisialta agus críochach a mheastar a bheith comhlíonta nó a thuairiscítear a bheith tugtha chun críche, de réir an phlean téarnaimh agus athléimneachta*
Foinse: An Coimisiún Eorpach

**Samplaí de bhearta ábhartha a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo comhlíonta faoi cholún an chomhtháthaithe shóisialta agus chríochaigh**

**Athchóirithe:**

- Ghlac **an Iodáil** creatdlí nua chun feabhas a chur ar dhálaí maireachtála daoine scothaosta nach bhfuil in ann aire a thabhairt dóibh féin. Go háirithe, tá sé d'aidhm ag an dlí 'Ionaid Ilfhreastail' a shimpliú agus a sholáthar le haghaidh seirbhísí sóisialta agus sláinte, athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun measúnú a

dhéanamh ar riocht daoine scothaosta atá spleách ar chúram, agus cur leis an tacar seirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte is féidir a sholáthar sa bhaile.

- Dheimhnigh **an Ghréig** 150 000 saoránach as cláir oiliúna ar scileanna liteartha digiteacha, glasa agus airgeadais a chur i gcrích go rathúil. Is é is aidhm do na cláir feabhas a chur ar dheiseanna i margadh an tsaothair don óige agus do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, d'fhostaithe atá faoi mhíbhuntáiste teicneolaíoch, d'fhostaithe a bhfuil acmhainní oiliúna teoranta acu, agus d'fhostaithe san earnáil phoiblí amhail múinteoirí.
- Bhunaigh an **Pholainn** an Ionstraim um Chlaochlú Uirbeach Glas chun forbairt uirbeach inbhuanaithe a chothú agus chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí socheacnamaíocha. Is é is aidhm don tionscnamh seo feabhas a chur ar an mbonneagar uirbeach trí réitigh atá tíosach ar fhuinneamh (amhail braislí fuinnimh agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite); réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun cinn maidir leis an gclaochlú glas (amhail bonneagair ghorma ghlasa chun uisce báistí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe); agus tacú le córais iompair astaíochtaí nialasacha (trí shiúl, rothaíocht agus iompar comhchoiteann a spreagadh, chomh maith le Criosanna Íseal-Astaíochtaí a chruthú).

Infheistíochtaí:


- D'fhóirdheonaigh **an Fhrainc** athchóiriú teirmeach ar 20 000 teaghais tithíochta sóisialta breise ar mhórthír na Fraince agus ar na críocha thar lear araon, a shroich 40 000 teaghais shóisialta ó 2020 i leith. Trí athchóiriú domhain a dhéanamh ar fhoirgnimh, is é an uaillmhian atá ann deireadh a chur de réir a chéile le criathair theirmeacha agus 30 % ar a laghad de choigilteas fuinnimh a bhaint amach ar an meán faoi dheireadh 2026.
- Neartaigh **an Iodáil** a lucht saothair trí chonair oiliúna a ghníomhachtú chun scileanna Sheirbhís Náisiúnta Sláinte na hIodáile a fheabhsú. Ag soláthar 1 800 scoláireacht tosaigh, is é is aidhm don chlár cleachtas míochaine ginearálta agus sábháilteacht ionfhabhtaithe ospidéil a fheabhsú do bhaill foirne.
- Rinne **an Laitvia** 75 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla a athchóiriú nó a atógáil agus arb é is aidhm dó sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, nascacht agus feidhmiú na mbardas nua a áirithiú, chomh maith le rochtain na saoránach ar phoist agus ar sheirbhísí a fheabhsú.

### Athléimneacht sláinte, eacnamaíoch agus institiúideach

**Cuireann pleananna téarnaimh agus athléimneachta go mór leis an tsláinte, agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, agus é d'aidhm acu, i measc nithe eile, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus acmhainneacht freagartha ar ghéarchéimeanna a mhéadú.** Cuireann níos mó ná 1 200 beart agus

fobheart dar luach thart ar EUR 88,5 billiún[62], a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, le colún beartais na hathléimneachta sláinte,eacnamaíche, sóisialta agus institiúidí. Cumhdaítear leis na bearta sin réimsí beartais ó chúram sláinte agus cúram fadtéarmach go héifeachtacht na gcóras breithiúnach agus bearta frithsciúrtha airgid.

**Is sa cholún a bhaineann le hathléimneacht sláinte eacnamaíche agus institiúidí a bhfuil an dul chun cinn is mó déanta go dtí seo**. I gcás 1 162 cheann de na 2 503 chloch mhíle agus sprioc a chuireann leis an athléimneacht sláinte, eacnamaíche, sóisialta agus institiúidí, tá sé tuairiscithe ag na Ballstáit go bhfuil siad tugtha chun críche nó measann an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta, is é sin ráta dul chun cinn 46 % (lena n-áirítear 27 % a measúnaíodh in iarratais ar íocaíocht). Mheas an Coimisiún gur comhlíonadh 374 de na clocha míle agus na spriocanna a rannchuidíonn leis an athléimneacht sláinte, eacnamaíche agus institiúidí idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Lúnasa 2024 (an tréimhse thuairiscithe). Leis na samplaí a chuirtear ar fáil sa bhosca thíos cuirtear i dtábhacht príomhbhearta a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo tugtha chun críche le linn na tréimhse tuairiscithe.




Fíor 21: *Céatadán na gcloch míle agus na spriocanna a rannchuidíonn leis an athléimneacht sláinte, eacnamaíoch agus institiúideach a mheastar a bheith comhlíonta nó a thuairiscítear a bheith tugtha chun críche, de réir an phlean téarnaimh agus athléimneachta*
Foinse: An Coimisiún Eorpach

| |
|---|
| **Samplaí de bhearta ábhartha a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo comhlíonta faoin gcolún athléimneachta sláinte, eacnamaíche agus institiúidí** |
| **Athchóirithe:** |

[62] Léirítear leis an bhfíor seo meastacháin chostais bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin le haghaidh an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta agus comhfhreagraíonn sé do na bearta arna leithdháileadh ar an gcolún athléimneachta sláinte, eacnamaíche agus institiúidí mar cholún beartais príomhúil agus/nó tánaisteach.

- Bhunaigh **an Ghréig** 48 n-aonad meabhairshláinte, chun tacú le rochtain uilíoch saor in aisce ar sheirbhísí meabhairshláinte ar ardchaighdeán. I measc othair na n-aonad sin tá leanaí, déagóirí agus daoine fásta óga a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, othair a bhfuil néaltrú, galar Alzheimer agus uathachas orthu, agus daoine a úsáideann substaintí andúile agus daoine cleithiúnacha. Ina theannta sin, is é is aidhm don athchóiriú cúram meabhairshláinte a bhogadh amach as institiúidí agus seirbhísí pobalbhunaithe a chruthú a oibríonn le chéile chun freastal ar na riachtanais mheabhairshláinte atá ann faoi láthair agus chun ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo tar éis na paindéime.
- Leasaigh **an Eastóin** na dlíthe ábhartha chun cúram sláinte príomhúil a neartú. Chuir na hathruithe reachtacha feabhas ar bhainistiú liostaí othar, rud a d’fhág go bhfuil sé níos éasca d’othair leanúint de chúram príomhúil a fháil, agus leathnaigh siad cearta altraí cógais a ordú d’othair. Ina theannta sin, rinne an tír é níos tarraingtí do dhochtúirí agus do chógaiseoirí oibriú i gceantair iargúlta.
- Sa **Chróit**, cuireadh athchóiriú socraithe pá chun feidhme. Ag tosú i mí Aibreáin 2024, fuair gach státseirbhíseach agus seirbhíseach poiblí tuarastail de réir an chórais luacha saothair nua agus níos trédhearcaí bunaithe ar phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann.


Infheistíochtaí:

- D’fhormhuinigh **an Bheilg** straitéis dí-institiúidithe maidir le cúram fadtéarmach Réigiún na Vallúine mar chuid d’infheistíocht níos leithne arb é is aidhm di soláthar tithíochta sóisialta do ghrúpaí leochaileacha a mhéadú trí thithíocht ar chíos íseal, tithíocht chuimsitheach atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, chomh maith le háiteanna cóiríochta do dhaoine gan dídean a thógáil agus a athchóiriú ar chaoi atá tíosach ar fhuinneamh.
- D’fhorbair **an Danmhairg** réiteach digiteach nua chun saoránaigh agus an córas cúraim sláinte a dhéanamh níos nasctha tar éis phaindéim COVID-19. Forbraíodh ceistneoirí digiteacha nua, lena gcumhdaítear niúmacocas, fliú agus toircheas, chun go bhféadfar othair a shrathú go tapa ó thaobh riachtanais vacsaínithe agus riochtaí leighis eile de.
- Rinne **Éire** conarthaí a dhámhachtain chun réiteach digiteach a sholáthar a thacaíonn le córas ríomhchógaisíochta a chur in úsáid ar fud na n-ospidéal in Éirinn. Cuireann an córas sin ar chumas na n-údarás faireachán níos fearr a dhéanamh ar úsáid cógas agus ar na costais a bhaineann leo, agus tacaíonn sé le hoideasú agus riar leictreonach cógas, rud a fheabhsaíonn seachadadh cúraim agus sábháilteacht othar. Chomh maith leis sin, thug Éire dearadh, tógáil agus cumrú córais chomhtháite bainistíochta airgeadais chun críche chun soláthar agus bainistíocht airgeadais laistigh den chóras cúraim sláinte a dhéanamh níos éifeachtúla.

### Beartais don chéad ghlúin eile

**Díríonn bearta don chéad ghlúin eile, do leanaí agus don óige go príomha ar oideachas agus cúram luath-óige, ar oideachas agus oiliúint chomh maith le bearta chun tacú le fostaíocht don aos óg.** Tacaíonn na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a ghlac an Chomhairle leis an gcolún sin le thart ar EUR 56,4 billiún[63], agus cuireann thart ar thrí cheathrú de sin leis an oideachas ginearálta, leis an ngairmoideachas agus leis an ardoideachas. Tá an ráithe eile roinnte beagnach go cothrom idir an luath-óige agus cúram agus tacaíocht fostaíochta don aos óg.

**Tá dul chun cinn inbhraite freisin le haghaidh na gcloch míle agus na spriocanna a rannchuidíonn le beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus don óige, amhail oideachas agus scileanna.** Go dtí seo, i gcás 259 gcinn de 665 chloch mhíle agus sprioc, tá sé tuairiscithe ag na Ballstáit go bhfuil siad tugtha chun críche nó measann an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta cheana féin, is é sin ráta dul chun cinn 39 % (lena n-áirítear 21 % a measúnaíodh in iarratais ar íocaíocht). Mheas an Coimisiún gur comhlíonadh 75 de na clocha míle agus na spriocanna sin a rannchuidíonn le beartais don chéad ghlúin eile idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Lúnasa 2024 (an tréimhse thuairiscithe). Leis na samplaí a chuirtear ar fáil sa bhosca thíos cuirtear i dtábhacht príomhbhearta a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo tugtha chun críche le linn na tréimhse tuairiscithe.




Fíor 22: *Céatadán na gcloch míle agus na spriocanna a rannchuidíonn le beartais don chéad ghlúin eile a mheastar a bheith comhlíonta nó a thuairiscítear a bheith tugtha chun críche, de réir an phlean téarnaimh agus athléimneachta*

Tabhair faoi deara: Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge roinnt clocha míle agus spriocanna a rannchuidíonn le beartais don chéad ghlúin eile, nach measann an Coimisiún go fóill go bhfuil siad comhlíonta agus nach bhfuil sé tuairiscithe ag an mBallstáit go fóill go bhfuil siad tugtha chun críche.

[63] Léirítear leis an bhfíor seo meastacháin chostais bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin le haghaidh an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta agus comhfhreagraíonn sé do na bearta a leithdháiltear ar na beartais le haghaidh cholún na chéad ghlúine eile mar cholún beartais príomhúil agus/nó tánaisteach.

**Foinse:** An Coimisiún Eorpach

**Samplaí de bhearta ábhartha a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo comhlíonta faoi cholún na mbeartas don chéad ghlúine eile**

Athchóirithe:

- Thug **an tSlóvaic** isteach clár oideachais náisiúnta stáit do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna íochtaracha, rud a thabharfaidh curaclaim nuashonraithe chuig seomraí ranga. Cuirfear an curaclam nua i bhfeidhm go céimneach i dtrí thimthriall agus tá sé mar aidhm aige caighdeáin nuachóirithe níos airde a leagan síos do phríomhspriocanna foghlama.
- Tháinig an t-athchóiriú ar rialachas ardoideachais i bhfeidhm sa **Laitvia**. Áirítear leis an athchóiriú (i) an sainmhíniú ar thíopeolaíochtaí ollscoile agus speisialtóireacht straitéiseach ollscoileanna; (ii) an nós imeachta chun comhairlí ollscoile a bhunú agus a fhormheas, inniúlacht na gcomhairlí, agus inniúlachtaí an tSeanaid, an Reachtaire agus an Tionóil Bhunreachtúil á soiléiriú ag an am céanna; agus (iii) an nós imeachta chun reachtairí ollscoile nua a roghnú agus a fhormheas.
- Neartaigh an **Ghearmáin** an córas oideachais trí athchóiriú chun cúrsaí breise agus meantóireacht bhreise a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riaráiste foghlama acu, agus béim á leagan ar chroí-ábhair agus ar chroí-inniúlachtaí chun dul i ngleic leis na héagothromaíochtaí foghlama a cruthaíodh le géarchéim COVID-19. Caithfear EUR 500 milliún freisin chun 90 000 áit bhreise cúraim leanaí a chruthú, trí shaoráidí nua cúraim leanaí a thógáil agus trí athchóiriú a dhéanamh ar shaoráidí atá ann cheana.

Infheistíochtaí:

- Chuir **an Phortaingéil** 600 000 ríomhaire glúine ar fáil ar iasacht do dhaltaí agus do mhúinteoirí i mbunscoileanna agus i meánscoileanna poiblí, rud a thacaíonn leis an oideachas digiteach agus leis an teagasc digiteach.
- Thairg **an Iodáil** tacaíocht struchtúrtha oideachais do 20 000 mionaoiseach ar a laghad suas le 17 mbliana d'aois, rud a rinne an bhochtaineacht oideachais a chomhrac agus a thacaigh le comhdheiseanna do gach leanbh i nDeisceart na hIodáile.
- Cheangail **Éire** 750 bunscoil le líonra leathanbhanda ardluais trí ródairí a shuiteáil, rud a d'éascaigh oideachas digiteach nua-aimseartha. Cuidíonn sé sin a thuilleadh le haghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí réigiúnacha agus digiteacha in Éirinn trí nascacht a mhéadú i scoileanna beaga agus i scoileanna tuaithe, a raibh na rátálacha nascachta is ísle acu go stairiúil.

### Inscne agus leanaí agus an óige


**Leanann pleananna téarnaimh agus athléimneachta de bheith ag cur go mór le comhionannas inscne agus de bheith ag díriú ar leanaí agus ar an óige**. Tá 136 bheart nó fhobheart i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát lena gcuirtear EUR 22,0 billiún san iomlán[64] le comhionannas inscne. Áirítear leo freisin 423 bheart nó fhobheart lena ndírítear ar leanaí agus ar an óige, lena gcuirtear EUR 66,6 billiún ar fáil[65]. Ní áirítear sna figiúirí sin rannchuidiú na n-athchóirithe ná na n-infheistíochtaí eile nach bhféadfaí a mheas ar dtús gur beartais iad a rannchuidíonn le comhionannas inscne agus le leanaí agus leis an óige ach a bhféadfadh tionchar dearfach suntasach a bheith ag a gcur chun feidhme.

**Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le bearta a chur chun feidhme lena rannchuidítear le comhionannas inscne agus lena ndírítear ar leanaí agus ar an óige**. As na 253 chloch mhíle agus sprioc lena ndírítear ar chomhionannas inscne sna 27 bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcás 102 cheann díobh, tá sé tuairiscithe ag na Ballstáit go bhfuil siad  tugtha chun críche nó mheasann an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta cheana féin, is é sin ráta dul chun cinn 40 % (lena n-áirítear 22 % a ndearnadh measúnú dearfach orthu in iarratais ar íocaíocht). Ina theannta sin, i gcás 288 gcinn de na 714 chloch mhíle agus sprioc a rannchuidíonn le leanaí agus leis an óige, tá sé tuairiscithe ag na Ballstáit go bhfuil siad tugtha chun críche nó measann an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta cheana féin, is é sin ráta dul chun cinn 40 % (lena n-áirítear 22 % a ndearnadh measúnú dearfach orthu in iarratais ar íocaíocht). Mheas an Coimisiún gur comhlíonadh 33 de na clocha míle agus na spriocanna a rannchuidíonn le hinscne agus 79 gcinn díobh siúd a rannchuidíonn le leanaí agus leis an óige idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Lúnasa 2024 (an tréimhse thuairiscithe). Leis na samplaí a chuirtear ar fáil sa bhosca thíos cuirtear i dtábhacht príomhbhearta a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo tugtha chun críche le linn na tréimhse tuairiscithe.

---

[64] Léirítear leis an bhfíor seo meastacháin chostais bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin le haghaidh an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta agus comhfhreagraíonn sé do sciar na mbeart a dhíríonn ar chomhionannas inscne.


[65] Léirítear leis an bhfíor seo meastacháin chostais bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin le haghaidh an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta agus comhfhreagraíonn sé do sciar na mbeart a dhíríonn ar leanaí agus ar an óige.




Fíor 23: *Céatadán na gcloch míle agus na spriocanna a rannchuidíonn le comhionannas inscne a mheastar a bheith comhlíonta nó a thuairiscítear a bheith tugtha chun críche, de réir an phlean téarnaimh agus athléimneachta*

Tabhair faoi deara: Áirítear i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta na Beilge, na Laitvia, na Liotuáine agus na hUngáire roinnt clocha míle agus spriocanna a rannchuidíonn le comhionannas inscne, nach measann an Coimisiún go fóill go bhfuil siad comhlíonta agus nach bhfuil sé tuairiscithe ag an mBallstát go fóill go bhfuil siad tugtha chun críche.

Foinse: An Coimisiún Eorpach




Fíor 24: *Céatadán na gcloch míle agus na spriocanna lena ndírítear ar leanaí agus ar an óige a mheastar a bheith comhlíonta nó a thuairiscítear a bheith tugtha chun críche, de réir an phlean téarnaimh agus athléimneachta*

Tabhair faoi deara: Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge roinnt clocha míle agus spriocanna lena ndírítear ar leanaí agus ar an óige, nach measann an Coimisiún go fóill go bhfuil siad comhlíonta agus nach bhfuil sé tuairiscithe ag an mBallstát go fóill go bhfuil siad tugtha chun críche.

Foinse: An Coimisiún Eorpach

**Le linn Sheachtain Eorpach na hÓige, d'eagraigh an Coimisiún imeacht maidir le tionchar STA ar dhaoine óga.** Mheall Seachtain Eorpach na hÓige, a eagraíonn an Coimisiún Eorpach gach dhá bhliain chun rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn, breis agus 900 freastalaí óg i mí Aibreáin 2024. Díríodh san imeacht ar ochtar daoine óga a bhain tairbhe as bearta STA ar bhealaí éagsúla, mar aon le léargais ó chomhlachtaí náisiúnta cur

chun feidhme agus ón gCoimisiún Eorpach. Mar shampla, phléigh múinteoir óg TF de chuid na Laitvia an tionscadal 'Ríomhaire do Gach Leanbh', lena gcuirtear ríomhairí glúine ar fáil do dhaltaí, go háirithe dóibh siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Ina theannta sin, mhínigh dearthóir Slóivéanach agus bainisteoir caidrimh phoiblí conas a tugadh cumhacht dóibh agus conas a chuir siad feabhas ar a slándáil shóisialta a bhuí leis na dreasachtaí airgeadais d'fhostóirí chun daoine óga a fhostú ar chonarthaí buana. Roinn rannpháirtithe eile a dtaithí maidir le nuachóiriú an chláir ollscoile sa tSeicia, dearbháin le haghaidh trealamh digiteach sa Ghréig, gairmthreoir sa Fhrainc, agus gléasanna digiteacha le haghaidh institiúidí oiliúna sa Spáinn[66].



| Samplaí de bhearta ábhartha a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo a rannchuidíonn le hinscne agus le leanaí agus leis an óige comhlíonta |
|---|
| Athchóirithe:<br>- Tá samhail chistiúcháin tugtha isteach ag an **gCróit** chun costais reatha ionad oideachais agus ionad cúraim luath-óige atá ann cheana agus a tógadh le déanaí a chumhdach do bhailte agus do rialtais áitiúla a bhfuil buiséid theoranta acu. Tacaíonn sé sin le deiseanna comhionanna do gach leanbh agus cuidíonn sé le cúramóirí, ar mná iad go minic, poist lánaimseartha a aimsiú.<br>- D'fhorbair **an Eastóin** fréamhshamhail d'uirlis dhigiteach bearna pá idir na hinscní d'fhostóirí. Leis an uirlis sin, is féidir le fostóirí an fhaisnéis is gá a fháil faoin mbearna phá idir na hinscní agus faoi na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith léi ina n-eagraíocht, |

[66] Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an bhileog eolais atá le fáil ag https://commission.europa.eu/document/download/c6550656-98f3-472d-a6d7-6ae2a0620de8_en?filename=240425-RRF_supporting_young_people-FACTSHEET_v6.pdf.

lena ndéanfar iad a chumhachtú le gníomhaíocht a dhéanamh chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú.

**Infheistíochtaí:**

- Sholáthair an **Iodáil** tacaíocht airgeadais do chruthú agus/nó d'fhás 700 fiontar faoi stiúir ban, ag tacú le fiontraíocht na mban agus ag neartú rannpháirtíocht na mban i ngníomhaíochtaí gnó.
- Chuir an **tSlóivéin** fóirdheontais ar fáil chun 700 duine faoi bhun 30 bliain d'aois a fhostú, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go dtiocfaidh siad isteach i margadh an tsaothair, daoine óga a chumhachtú, a slándáil shóisialta a fheabhsú agus a scileanna a fheabhsú.
- Thug **an Rómáin** deontais do 750 foras oideachais ba mhó a bhí i ngátar, chun tacú le daltaí d'fhonn an ráta luathfhágála a laghdú agus an t-aistriú ón oideachas meánscoile sóisearach go dtí an t-oideachas meánscoile sinsearach a éascú. Roghnaíodh scoileanna bunaithe ar chúig tháscaire a sainíodh sa Sásra Luathrabhaidh san Oideachas.
- Thug **an Fhrainc** fóirdheontas do 160 000 conradh printíseachta breise, chomh maith le 2 200 post a chruthú don óige in earnáil an spóirt agus thóg nó d'athchóirigh sí 1 500 áit i 'scoileanna cónaithe barr feabhais'.

## D. Beartais chun feabhas a chur ar iomaíochas ghnólachtaí an Aontais

*Rannchuidíonn pleananna téarnaimh agus athléimneachta le hiomaíochas feabhsaithe ghnólachtaí an Aontais, agus bhain thart ar thrí mhilliún fiontar tairbhe as tacaíocht STA cheana féin*


**Os cionn EUR 82 bhilliún atá i gceist le hinfheistíochtaí a thacaíonn go díreach le fiontair, mar atá 13 % de chaiteachas measta iomlán STA.** As an méid sin, leithdháiltear thart ar EUR 78 mbilliún ar FBManna ar fud 22 Bhallstát. Ina theannta sin, , EUR 164 bhilliún ar a laghad (25 % de chaiteachas measta iomlán STA) atá i gceist le tacaíocht do chuideachtaí, lena n-áirítear cabhair airgeadais agus digiteáil an riaracháin phoiblí. Cumhdaítear earnálacha éagsúla in infheistíochtaí STA lena bhfeabhsaítear iomaíochas, lena n-áirítear monaraíocht, mótarfheithiclí, fuinneamh, miondíol, turasóireacht agus cultúr, agus infheistíodh os cionn EUR 110 mbilliún i ndícharbónú tionscail agus i dteicneolaíocht ghlan, EUR 23 bhilliún i dtaighde agus i bhforbairt ghlas, agus os cionn EUR 2 bhilliún i scileanna glasa agus i bpoist ghlasa. Cothaíonn infheistíochtaí STA an t-aistriú digiteach freisin, rud a théann chun tairbhe do bheagnach 600 000 cuideachta chun dul chun cinn a dhéanamh le teicneolaíochtaí amhail an intleacht shaorga agus an chibearshlándáil.

**Sa bhreis ar infheistíochtaí, tá níos mó ná 900 athchóiriú sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, thar raon leathan réimsí beartais[67] atá dírithe ar ualaí rialála agus riaracháin a mhaolú agus ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ar feadh shaolré iomlán an ghnó, chun tionchar na n-infheistíochtaí a uasmhéadú agus borradh a chur faoi iomaíochas ghnólachtaí an Aontais.** Díríonn na bearta sin maidir le plean téarnaimh agus athléimneachta ar rialacháin a shimpliú agus ar rómhaorlathas a laghdú, rud a chuireann bac go minic ar ghnólachtaí, go háirithe FBManna. Tugann bearta iomaíochais aghaidh ar dhúshláin ar feadh shaolré iomlán an ghnó. Cuidíonn STA leis na Ballstáit an t-am is gá chun cuideachta a chur ar bun a laghdú, próisis cheadúnúcháin agus cheadaithe a chuíchóiriú agus a bhrostú, srianta ar rochtain ar ghairmeacha rialáilte a laghdú, agus ionchorprú gnólachtaí a éascú agus a dhigitiú.

**Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le bearta a bhaineann le hiomaíochas a chur chun feidhme.** Ó bunaíodh STA, i gcás 1 856 de na 4 352 chloch mhíle agus sprioc a rannchuidíonn go díreach le fás agus iomaíochas gnólachtaí tá sé tuairiscithe ag na Ballstáit go bhfuil siad tugtha chun críche nó measann an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta cheana féin, is é sin ráta dul chun cinn de bheagnach 43 % (lena n-áirítear 25 % a ndearnadh measúnú orthu in iarratais ar íocaíocht). Mheas an Coimisiún gur comhlíonadh 592 de na clocha míle agus na spriocanna sin a rannchuidíonn leis an bhfás agus leis an iomaíochas idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Lúnasa 2024 (an tréimhse thuairiscithe). Leis na samplaí a chuirtear ar fáil sa bhosca thíos cuirtear i dtábhacht príomhbhearta a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo tugtha chun críche le linn na tréimhse tuairiscithe.

*Fíor 25: Céatadán na gcloch míle agus na spriocanna a rannchuidíonn leis an iomaíochas a mheastar a bheith comhlíonta nó a thuairiscítear a bheith tugtha chun críche, de réir an phlean téarnaimh agus athléimneachta*

[67] Meastar go gcuireann na réimsí beartais STA seo a leanas leis an iomaíochas: Timpeallacht Ghnó/Fiontraíocht; Bonneagar Gnó; Iomaíochas; Éifeachtacht na gCóras Breithiúnach; Éifeachtacht an Riaracháin Phoiblí agus na gCóras Náisiúnta, lena n-áirítear an tUalach Riaracháin a Íoslaghdú; R-sheirbhísí rialtais, Seirbhísí Poiblí Digiteacha (lena n-áirítear Digitiú an Iompair) agus Éiceachórais Dhigiteacha Áitiúla; Athchóirithe ar an Earnáil Airgeadais; Beartas Fioscach agus Rialachas Fioscach; Calaois a Chosc; Athruithe Rialála le haghaidh Fás Cliste, Inbhuanaithe agus Cuimsitheach; Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht; Tacaíocht d'Fhiontair Mhóra; Tacaíocht do FBManna.




**Foinse:** An Coimisiún Eorpach

**Samplaí de bhearta ábhartha a bhfuil clocha míle agus spriocanna a bhaineann leo a rannchuidíonn leis an iomaíochas comhlíonta**

Athchóirithe:

- Rinne **an Fhrainc,** tríd an dlí maidir le gníomhaíocht phoiblí a luathú agus a shimpliú, rialacha agus nósanna imeachta riaracháin a shimpliú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, an t-am is gá chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail thionsclaíocha a ghiorrú nó comhchoistí comhairliúcháin a chuíchóiriú chun dlús a chur le cinntí riaracháin.
- Chuidigh an **tSlóivéin,** tríd an 'nGníomh um Dhímhaorlathú', le timpeallacht ghnó lena gcothaítear fás a chruthú don earnáil ghnó agus do shaoránaigh trí nósanna imeachta riaracháin troma a chuíchóiriú nó a bhaint. Mar thoradh air sin, tá costais riaracháin níos ísle agus méadú ar iomaíochas gnólachtaí sa tSlóivéin. Rinne sé an reachtaíocht a shimpliú freisin trí bhreis agus 200 dlí agus fodhlí a aisghairm, ar dlíthe agus fodhlíthe iad a bhí as dáta nó nach bhfuil infheidhme a thuilleadh.
- Tá an **Chróit** tar éis é a dhéanamh níos éasca do ghnólachtaí déileáil le rialacháin tríd an Tástáil Measúnaithe Tionchair FBM a bhogadh ar líne. Áirítear leis sin ardán digiteach a chuidíonn le rianú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag dlíthe nua ar FBManna agus a ligeann do shaineolaithe ó gach cearn den tír oibriú le chéile agus eolas a roinnt. Ina theannta sin, tá plean gníomhaíochta nua curtha i bhfeidhm ag an

gCróit chun táillí agus muirir bhreise atá le híoc ag gnólachtaí a laghdú, seachas cánacha.

**Infheistíochtaí:**

- Thug **an Fhrainc** scéim chistiúcháin isteach chun an tionscal a dhícharbónú, scéim dar luach EUR 300 milliún. Mar thoradh air sin tugadh tacaíocht nithiúil do chuideachtaí agus iad ag dul i dtreo an dícharbónaithe. Mar shampla, fuair cuideachta teicstíle EUR 917 000 chun infheistíocht a dhéanamh i bpróisis thionsclaíocha níos éifeachtúla i gceann dá monarchana. Leis an infheistíocht sin, laghdófar an tomhaltas fuinnimh faoi 2 950 MWh in aghaidh na bliana, rud a laghdóidh na hastaíochtaí $CO_2$ 30 % in aghaidh na bliana agus an tomhaltas uisce 50 % faoi 2025. Chuir comharchumann ceannródaíoch de chuid na Fraince i réimse an díhiodráitithe triomadóir teocht íseal (105 go 70 ° C), in ionad triomadóir ardteochta (150 go 600 ° C), ag aisghabháil teasa ó ghléasra loiscthe dramhaíola na cathrach. Is é is aidhm don bheart seo astaíochtaí CO2 ar an láthair a laghdú 40 % (7 680 tona in aghaidh na bliana).
- Tá dul chun cinn déanta ag **an Spáinn** maidir le hinfheistíochtaí i dtionscadail straitéiseacha chun slabhraí luacha a athrú ó bhonn i bpríomhearnálacha amhail na hearnálacha mótarfheithiclí, agraibhia, sláinte, cabhlaigh agus dícharbónaithe tionscail. Bronnadh EUR 1,2 billiún ar a laghad ar 925 thionscadal nuálacha a dhíríonn ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar an inbhuanaitheacht agus ar an gclaochlú digiteach. Tá 584 díobh nasctha le feithiclí leictreacha, sláinte agus agraibhia. Go suntasach, tacaíonn 266 thionscadal le forbairt comhpháirteanna agus ardán le haghaidh feithiclí leictreacha, feithiclí hibrideacha inluchtaithe agus feithiclí faoi thiomáint hidrigine, chomh maith le taighde agus forbairt i dtiomáint uathrialaitheach agus soghluaisteacht nasctha.

## 3. REPowerEU

**Is príomhionstraim í STA chun cuspóirí Phlean REPowerEU a bhaint amach, arb é is aidhm dó spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú trí dhlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus trí chóras fuinnimh níos athléimní a bhaint amach.** Leasaíodh Rialachán STA i mí Feabhra 2023 chun acmhainní airgeadais breise a chur ar fáil do na Ballstáit, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí nua nó méadaithe atá dírithe ar sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú, coigilteas fuinnimh a mhéadú, táirgeadh fuinnimh ghlain a mhéadú, agus athléimneacht, slándáil agus inbhuanaitheacht chóras fuinnimh an Aontais a fheabhsú.

**Tagann an cistiú de EUR 64,2 billiún le haghaidh chuspóirí REPowerEU ó fhoinsí éagsúla**. Soláthraítear EUR 20 billiún de thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise faoi STA, arna tiomsú trí lamháltais a chur ar ceant faoin gCóras Trádála Astaíochtaí. Déantar an tacaíocht airgeadais sin a dháileadh i measc na mBallstát bunaithe ar eochair leithdháilte nuashonraithe in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán STA[68]. D'fhéadfadh na Ballstáit a leithdháileadh sealadach iomlán nó cuid dá leithdháileadh sealadach faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a aistriú chuig STA chun infheistíochtaí agus athchóirithe a mhaoiniú ina gcaibidlí REPowerEU. D'iarr 23 Bhallstát aistriú den sórt sin, arbh fhiú EUR 2,1 billiún san iomlán é[69]. Chun infheistíochtaí agus athchóirithe nua a mhaoiniú a rannchuidíonn le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach, d'fhéadfadh na Ballstáit tairbhe a bhaint freisin as coinníollacha maoinithe iasachtaí STA atá an-fhabhrach. Faoi spriocdháta an 31 Lúnasa 2023, d'iarr 10 mBallstát iasachtaí breise dar luach EUR 127,2 billiún[70], ar bearta tiomnaithe REPowerEU iad EUR 40,5 billiún díobh[71]

**Chun rochtain a fháil ar na cistí breise sin, rinne na Ballstáit athbhreithniú ar a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua nó méadaithe a chur san áireamh i gcaibidil thiomnaithe 'REPowerEU'**. Faoin 31 Lúnasa 2024, bhí a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe curtha isteach ag 26 Bhallstát[72] mar aon le caibidlí REPowerEU, ar ghlac an Chomhairle 25 díobh[73].

[68] Maidir leis an tacaíocht neamh-inaisíoctha bhreise atá ar fáil in aghaidh an Bhallstáit, féach Tábla 11 de Thuarascáil Bhliantúil STA 2023 (COM(2023) 545 final/2).


[69] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Tábla 12 de Thuarascáil Bhliantúil STA 2023 (COM(2023) 545 final/2).

[70] Is é sin 43,7 % de mhéid iomlán na hiasachta (EUR 291 bhilliún) a d'iarr na Ballstáit dá bpleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta.

[71] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Tábla 7 de Thuarascáil Bhliantúil STA 2023 (COM(2023) 545 final/2).

[72] Tráth scríofa na tuarascála seo, ní raibh a caibidil REPowerEU tíolactha ag an mBulgáir go fóill.

[73] Thíolaic Lucsamburg a caibidil REPowerEU an 16 Bealtaine 2024. D'eisigh an Coimisiún measúnú dearfach ar phlean athbhreithnithe Lucsamburg lena n-áirítear caibidil REPowerEU an 23 Iúil 2024 agus ghlac an Chomhairle an plean athbhreithnithe an 23 Meán Fómhair 2024.




Fíor 26: *Costas measta chaibidlí REPowerEU de réir Ballstáit, in EUR milliúin*

Foinse: An Coimisiún Eorpach

**Ní mór do na bearta i gcaibidlí REPowerEU aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar chuspóirí phlean REPowerEU**. Go sonrach, leagtar síos i Rialachán STA sé chuspóir le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU agus ceanglaítear leis go rannchuideoidh gach beart le ceann amháin díobh ar a laghad[74]:

(1) feabhas a chur ar an mbonneagar fuinnimh le haghaidh shlándáil agus éagsúlú an tsoláthair gáis;

(2) borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú na tionsclaíochta, úsáid fuinnimh in-athnuaite;

(3) aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh;

(4) laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh a dhreasú;

(5) aghaidh a thabhairt ar scrogaill tarchurtha agus dáilte fuinnimh, tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha;

(6) athcháiliú an lucht saothair i dtreo scileanna glasa agus digiteacha, ag tacú leis na slabhraí luacha atá nasctha leis an aistriú glas.

Rinne an Coimisiún measúnú cúramach ar na bearta nua sna gcaibidlí REPowerEU, agus níor mhol sé go nglacfadh an Chomhairle ach na bearta sin a chomhlíon go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán STA, lena n-áirítear

[74] Airteagal 21c(3) de Rialachán STA

na critéir bhreise atá ábhartha do chaibidlí REPowerEU: (i) rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU agus (ii) an bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leis na bearta.


Lasmuigh de na caibidlí REPowerEU, baineann bearta eile sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta le fuinneamh freisin, rud a chuireann le cuspóirí REPowerEU agus a chuidíonn leis an Eoraip a spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú.

## A. Forléargas ar bhearta ar fud na gcaibidlí REPowerEU

***Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí breise REPowerEU, tugtar aghaidh ar scrogaill, agus cuidítear le dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus le slándáil an tsoláthair fuinnimh a neartú***

Áirítear 261 bheart nua sna 25 chaibidil REPowerEU a ghlac an Chomhairle faoin 31 Lúnasa 2024: 89 n-athchóiriú agus 172 infheistíocht, agus costas measta iomlán EUR 64 bhilliún ag baint leo. Rannchuidíonn na bearta sin go léir le ceann de chuspóirí REPowerEU, agus béim shuntasach á leagan ar chuspóirí 2 agus 5: le bearta arb ionann iad agus níos mó ná 80 % de na costais mheasta iomlána, tugtar aghaidh ar chuspóir 2 'dlús a chur le héifeachtúlacht fuinnimh agus dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite' (EUR 35,3 billiún) agus ar chuspóir 5 'aghaidh a thabhairt ar scrogaill tarchuir agus dáileacháin fuinnimh, agus tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha' (EUR 17,3 billiún).

*Fíor 27: Leithdháileadh REPowerEU de réir chuspóir REPowerEU, miondealú de réir príomhréimse beartais*




**Foinse:** Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

**Léiríonn dáileadh na tacaíochta ar fud na réimsí beartais na riachtanais is práinní atá ag na Ballstáit ina n-aistriú chuig fuinneamh glan.** Tá bearta i gcaibidlí REPowerEU scaipthe thar roinnt réimsí beartais agus braitheann a rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU ar raon feidhme sonrach na mbeart aonair. Is iad infheistíochtaí san fhuinneamh agus sna

gréasáin in-athnuaite an sciar is mó de thacaíocht REPowerEU (47 %, nó thart ar EUR 29,8 billiún). Cuimsítear leis na hinfheistíochtaí sin acmhainneacht bhreise maidir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, forbairtí san eangach leictreachais agus acmhainneacht stórála. Rannchuidíonn bearta éifeachtúlachta fuinnimh (leithdháileadh thart ar EUR 8 mbilliún) le roinnt cuspóirí REPowerEU, agus an rannchuidiú is mó acu le cuspóir REPowerEU 2 chun 'dlús a chur le héifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú na tionsclaíochta, úsáid fuinnimh in-athnuaite'. Tá raon feidhme éagsúil ag bearta a dhíríonn ar bhonneagar agus seirbhísí críochacha a fheabhsú (leithdháileadh thart ar EUR 5,7 billiún) ach a dhíríonn go príomha ar tháirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, lena mínítear a rannchuidiú tábhachtach le cuspóir REPowerEU 2 chun 'dlús a chur le héifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú na tionsclaíochta, úsáid fuinnimh in-athnuaite'. Is é is aidhm do bhearta atá nasctha le hiomaíochas a mhéadú (leithdháileadh thart ar EUR 5,2 billiún) tomhaltas fuinnimh gnólachtaí agus cuideachtaí a laghdú trí idirghabhálacha éagsúla (feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh, agus forbairtí bonneagair fuinnimh den chuid is mó) agus rannchuidíonn siad go príomha le cuspóir REPowerEU 4 'laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh a dhreasú'. Rannchuidíonn infheistíochtaí sa tsoghluaisteacht inbhuanaithe (leithdháileadh EUR 3,4 billiún) le cuspóir REPowerEU 5 'gréasán fuinnimh agus iompar astaíochtaí nialasacha'.

**Tá riachtanais agus dúshláin éagsúla ag na Ballstáit ó thaobh méideanna infheistíochta agus réimsí sonracha a ndíreofar orthu chun rannchuidiú go héifeachtach le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach**. Ó thaobh a méid airgeadais de, díríonn na bearta i gcaibidlí REPowerEU go mór ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus ar úsáid agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite i mbeagnach leath de na Ballstáit (os cionn 70 % de chostas measta iomlán chaibidlí REPowerEU sa Bheilg, sa Chróit, sa Danmhairg, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Ghréig, sa Liotuáin, i Málta, san Ísiltír, sa Rómáin, sa Spáinn, sa tSualainn). Is sciar suntasach iad bearta lena dtugtar aghaidh ar scrogaill tarchurtha agus dáilte fuinnimh agus lena dtacaítear le hiompar astaíochtaí nialasacha (cuspóir 5) de chostas measta iomlán bhearta nua REPowerEU i sé Bhallstát freisin (os cionn 40 % de chostas measta iomlán chaibidlí REPowerEU sa tSeicia, san Eastóin, sa Laitvia, sa Pholainn, sa tSlóvaic agus sa tSlóivéin), agus tá 99 % de na costais mheasta iomlána tiomnaithe ag an Laitvia don chuspóir sin.


**Chuir trí Bhallstát bearta san áireamh lena dtugtar aghaidh ar chuspóir REPowerEU 1, 'feabhas a chur ar an mbonneagar fuinnimh ar mhaithe le slándáil agus éagsúlú an tsoláthair gáis'.** Áirítear i gcaibidlí REPowerEU infheistíochtaí i dtógáil, leathnú agus uasghrádú an chórais dáilte gáis nádúrtha atá ann cheana (an Iodáil, an Pholainn) agus in acmhainneacht críochfoirt GNL (an Chróit) a mhéadú chun an soláthar a

éagsúlú agus chun an tslándáil a neartú. Meastar gurb é EUR 1,6 billiún costas iomlán na gceithre infheistíocht sin[75].

**Leis na bearta a áirítear i gcaibidlí REPowerEU, déantar rannchuidiú STA le cuspóirí aeráide a threisiú go suntasach.** Is ionann agus níos mó ná 74 % de chostas measta iomlán bhearta REPowerEU é an caiteachas aeráide, i bhfad os cionn an íoscheanglais 37 %. Is ionann an tacaíocht bhreise sin faoi STA do ghníomhú ar son na haeráide agus EUR 47,8 billiún.

75 Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sna measúnuithe tírshonracha gur chomhlíon na bearta sin na ceanglais maidir le maolú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i gcomhréir le hAirteagal 21c (6) de Rialachán 2021/241, chun slándáil fuinnimh láithreach an Aontais a chosaint.

*Fíor 28: Sciar de chostas measta na mbeart a rannchuidíonn le cuspóirí REPowerEU na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta*




**Foinse:** Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

**Chun tairbhe a bhaint as an tacaíocht airgeadais atá ar fáil do chaibidlí REPowerEU, beidh ar na Ballstáit 372 chloch mhíle agus 254 sprioc a chomhlíonadh**. An 5 Meitheamh 2024, eisíocadh an chéad tacaíocht neamh-inaisíoctha leis an bhFrainc as 5 chloch mhíle agus sprioc faoi REPowerEU[76] a chomhlíonadh. Cumhdaíodh leo sin, i measc nithe eile, roghnú tionscadal le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch lena mbainfear amach laghdú ionchasach 250 GWh ar ídiú fuinnimh iontaise in aghaidh na bliana agus teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite chun dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, tuairiscíodh go raibh 68 gcloch mhíle agus sprioc (as 622 cheann ar an iomlán) tugtha chun críche ach nach ndearna an Coimisiún measúnú foirmiúil orthu go fóill. I bhfianaise ghlacadh chaibidlí REPowerEU le déanaí, tá sé róluath fós measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí nua a áirítear iontu. Mar sin féin, chun rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU ar bhealach tráthúil, moladh do na Ballstáit tionscadail aibí a áireamh ina gcaibidlí REPowerEU, rud a d'áiritheodh cur chun feidhme luathaithe.

[76] D'fhéadfadh na Ballstáit réamh-mhaoiniú leithdháileadh REPowerEU a iarraidh go dtí deireadh 2023, arb ionann é agus 20 % den chistiú breise. Chun tús áite a thabhairt don tacaíocht airgeadais dá mbearta REPowerEU, eisíocadh EUR 10,4 billiún leis na 21 Bhallstát a d'iarr é (níor iarr an tSualainn ná an Ísiltír réamh-mhaoiniú).

**Samplaí de bhearta i gcaibidlí REPowerEU:**

Athchóirithe:

- Tabharfaidh **an Spáinn** isteach príomh-athchóiriú lena bhfeabhsófar ceadú do thionscadail táirgthe fuinnimh in-athnuaite agus do bhonneagar líonra leictreachais. Is é is aidhm don athchóiriú: (i) úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a éascú agus (ii) próiseáil na n-iarratas ceadaithe a chuíchóiriú.
- Áiritheoidh **an Pholainn** go gcuirfear foinsí fuinnimh in-athnuaite in úsáid níos tapúla, go háirithe tuirbíní gaoithe ar tír, a bhuí le hathchóirithe forleathana chun ceadú a éascú, trí leabhar rialacha aonair a thabhairt isteach, lena gceadófar feidhmchláir leictreonacha, agus lena n-áiritheofar trédhearcacht maidir leis na hacmhainneachtaí nasctha atá ar fáil. San iomlán, meastar go mbeidh 30 gigeavata d'fhoinsí in-athnuaite nasctha leis an eangach faoi 2026.

Infheistíochtaí:

- Cuirfidh **an Phortaingéil** tacaíocht ar fáil don acmhainneacht mhonaraíochta le haghaidh teicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasachta, amhail painéil ghréine a tháirgeadh sa Phortaingéil agus san Eoraip, teicneolaíochtaí in-athnuaite ar tír agus amach ón gcósta, leictrealóirí agus bithmheatán inbhuanaithe.
- Cuirfidh **an Rómáin** tacaíocht ar fáil do níos mó ná 120 000 úinéir tí chun grianphainéil a shuiteáil agus do níos mó ná 30 000 úinéir tí le haghaidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh – chomh maith le tacaíocht spriocdhírithe d'infheistíochtaí comhchosúla do 14 000 úinéir tí fuinneamhbhocht agus do thomhaltóirí fuinnimh leochaileacha.
- Éascóidh an **Bheilg** comhtháthú agus allmhairiú níos mó fuinnimh in-athnuaite sa Mhuir Thuaidh agus timpeall uirthi, trí thacú le mol oileáin fuinnimh amach ón gcósta a fhorbairt sa Mhuir Thuaidh. Leis sin, beifear in ann 3.15 gigeavata ar a laghad de leictreachas gaoithe amach ón gcósta amach anseo a nascadh leis an eangach leictreachais ar tír.

## B. Forléargas ar bhearta a bhfuil gné thrasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo a áirítear sna caibidlí uile REPowerEU

*Tá gné láidir trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint le bearta REPowerEU*

**Tá tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta ríthábhachtach chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach sa mheántéarma agus moltar iad faoi STA**. Is iad na bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo na bearta sin a

rannchuidíonn le soláthar fuinnimh an Aontais a dhaingniú nó le spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus/nó éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Cé go raibh tacaíocht STA d'fhíorbhonneagar trasteorann teoranta, mar gheall ar a gcastacht agus a n-amlínte forghníomhaithe, chuir formhór na mBallstát athchóirithe agus infheistíochtaí san áireamh ina gcaibidlí REPowerEU chun a n-acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus a n-eangacha cumhachta a uasghrádú. Tá na hathchóirithe sin ceaptha chun comhtháthú acmhainní fuinnimh in-athnuaite a éascú agus solúbthacht agus éifeachtúlacht na heangaí a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin tacú le bonneagar fuinnimh níos leithne ar fud an Aontais. Áirítear i ngach ceann de na 25 chaibidil REPowerEU a glacadh faoin 31 Lúnasa 2024 bearta a bhfuil gné ilnáisiúnta nó trasteorann acu, a bhfuil costas measta iomlán EUR 48,7 billiún ag baint leo, mar atá 76 % de chostas iomlán na mbeart sna caibidlí, méid atá i bhfad os cionn an 30 % íosta a cheanglaítear le Rialachán STA. Is iad seo a leanas cuid den phríomhghné thrasteorann agus cuid de na príomhthionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta:

- chuir roinnt Ballstát tionscadail idirnaisc leictreachais trasteorann san áireamh ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Mar shampla, tá oileán fuinnimh shaorga á thógáil ag an mBeilg sa Mhuir Thuaidh, oileán a nascfaidh 3 GW ar a laghad d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta amach anseo leis an eangach leictreachais ar tír agus a éascóidh allmhairiú fuinnimh in-athnuaite ó thíortha comharsanacha. Tá feabhas á chur ag an Iodáil ar a bonneagar inmheánach fuinnimh trí cháblaí fomhuirí a thógáil idir an tSicil agus Campania, agus tá uasghrádú á dhéanamh aici freisin ar na hidirnascairí tarchurtha leictreachais leis an Ostair agus leis an tSlóivéin chun sreafaí leictreachais trasteorann a fheabhsú. Cuirfidh sé sin feabhas ar an athléimneacht fuinnimh agus ar chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite,
- tá infheistíochtaí i mbonneagar gáis arb é is aidhm dóibh spleáchas ar ghás na Rúise a laghdú agus slándáil fuinnimh a áirithiú ar fud an Aontais. Mar shampla, tá an Pholainn ag leathnú a líonra gáis idir Gdańsk agus Gustorzyn; Tá an Chróit ag cur le hacmhainneacht chríochfort GNL Krk, agus tá naisc aici leis an Ungáir agus leis an tSlóivéin; agus tá an Iodáil ag méadú an naisc leis an Ostair agus le lár na hEorpa.
- tá roinnt Ballstát, amhail an Fhrainc agus an Spáinn, ag díriú ar infheistíochtaí comhpháirteacha i dtáirgeadh hidrigine in-athnuaite (Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne nó IPCEInna), infheistíochtaí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo agus arb é is aidhm dóibh slabhra luacha na hidrigine a neartú ar fud an Aontais. Tá tionscadail hidrigine in-athnuaite á maoiniú ag an gCróit i gcomhthéacs Ghleann Hidrigine Mhuir Aidriad Thuaidh, lena dtugtar le chéile an Chróit, an tSlóivéin agus réigiún Friuli Venezia Giulia san Iodáil.

Gné choiteann de na tionscadail sin go léir is ea gurb é an cuspóir deiridh atá acu an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú, úsáid breoslaí iontaise a laghdú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú, rud a chuirfidh go mór le cuspóirí REPowerEU. Tá faisnéis faoi

chaibidlí REPowerEU den phlean téarnaimh agus athléimneachta ar fáil freisin ar roinn REPowerEU den Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta[77].

[77] Féach https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/rePowerEu.html.

## 4. Conclúid

**Tá dlús curtha le comhlíonadh cloch míle agus spriocanna agus le heisíocaíochtaí chistí STA tar éis na moilleanna a tharla in 2023.** Cé go raibh iarrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin in 2023 dírithe ar athbhreithnithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta mar fhreagairt ar phlean REPowerEU, tá luas na heisíocaíochta méadaithe ina dhiaidh sin. Faoin 31 Lúnasa 2024, eisíocadh breis agus 40 % de chistí STA a bhí ar fáil, agus eisíocadh EUR 265,4 billiún le 25 Bhallstát. Sa tréimhse thuairiscithe amháin[78] , mheas anCoimisiún gur comhlíonadh 908 gcloch míle agus sprioc go sásúil in 27 n-iarratas ar íocaíocht agus d'eisíoc sé EUR 112bhilliún leis na Ballstáit ina dhiaidh sin. Má choinnítear an luas reatha ar bun, tá súil ag an gCoimisiún go mbeidh breis agus EUR 300 billiún eisíoctha aige faoi dheireadh 2024. Thairis sin, maidir le 85 % de na clocha míle agus de na spriocanna atá comhlíonadh faoin gcéad ráithe de 2024, mheas an Coimisiún go bhfuil siad comhlíonta nó rinne na Ballstáit féintuairisciú go bhfuil siad tugtha i gcrích.

**Deimhníodh éifeachtúlacht STA agus a chur chuige feidhmíochtbhunaithe i meastóireacht mheán-téarma STA.** Cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil, a foilsíodh i mí Feabhra 2024, gurbh iad eisíocaíocht na gcistí in aghaidh dul chun cinn an chur chun feidhme agus tacaíocht na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí comhcheangailte na gnéithe ba rathúla de STA, agus tionchair acu a threisíonn a chéile go minic. Chuir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara in iúl go dtacaíonn siad le cineál feidhmíochtbhunaithe STA, a bhuí leis an intuarthacht agus an chuntasacht a chuirtear ar fáil léi. Tugadh faoi deara sa mheastóireacht freisin an tionchar a bhíonn ag eisíocaíochtaí tapa chistí STA maidir le tacú leis na Ballstáit le linn géarchéime agus leibhéal na hinfheistíochta poiblí a choinneáil ar bun, agus cuidíonn an teaglaim uathúil d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe le geilleagair na hEorpa a bheith níos ullmhaithe don aistriú glas agus digiteach agus don todhchaí.

**Tar éis na meastóireachta meán-téarma ar STA, chuir an Coimisiún dlús lena iarrachtaí an cur chun feidhme a shimpliú agus dlús a chur leis.** An 19 Iúil 2024 ghlac an Coimisiún Treoraíocht nuashonraithe maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht chur chun feidhme na Saoráide agus chun na ceanglais tuairiscithe ar na Ballstáit a shimpliú. Leis an treoraíocht nuashonraithe, tugtar tuilleadh soiléireachta maidir leis an bhféidearthacht plean téarnaimh agus athléimneachta a leasú faoi Rialachán STA agus maidir leis an raon feidhme le haghaidh leasuithe is féidir a dhéanamh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcás imthosca oibiachtúla. Tugann sé soiléireacht níos fearr freisin maidir leis na coinníollacha faoinar féidir tacaíocht ó STA agus ó chistí eile de chuid an Aontais a chomhcheangal chun sineirgí a fheabhsú.

**Agus gan ach beagán níos mó ná 2 bhliain fágtha roimh dhul in éag STA faoi dheireadh 2026, ba cheart iarrachtaí uile na mBallstát agus na n-institiúidí a dhíriú ar an tSaoráid a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil.** Ní mór aghaidh a

[78] Ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024.

thabhairt ar scrogaill cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann agus ba cheart pleananna téarnaimh agus athléimneachta a oiriúnú i gcás inarb ábhartha chun freastal ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus ag athrú. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair leis na Ballstáit agus leis na príomh-chomhpháirtithe chun leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le STA chun na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a chur i gcrích go pras lena dtabharfar aghaidh ar phríomhdhúshláin ár linne chun an t-aistriú glas agus digiteach a chur chun cinn agus chun athléimneacht agus iomaíochas an Aontais Eorpaigh a neartú tuilleadh.